C/2025/659

10.2.2025

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Eanáir 2025

lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Fraince

(C/2025/659)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263, agus go háirithe Airteagal 17 de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún,

De bharr an mhéid seo a leanas:

BREITHNITHE GINEARÁLTA

(1) Tháinig creat rialachais eacnamaíoch athchóirithe an Aontais i bhfeidhm an 30 Aibreán 2024. Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach ([1]), mar aon le Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 leasaithe maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach a chur chun feidhme ([2]), agus le Treoir 2011/85/AE leasaithe ón gComhairle maidir le creataí buiséadacha na mBallstát ([3]), is príomhghnéithe de chreat rialachais eacnamaíoch athchóirithe an Aontais iad. Is é is aidhm don chreat airgeadas poiblí atá fónta inbhuanaithe, mar aon le fás inbhuanaithe cuimsitheach agus athléimneacht, a chur chun cinn trí bhíthin athchóirithe agus infheistíochtaí, agus easnaimh iomarcacha rialtais a chosc. Lena chois sin, cuireann sé úinéireacht náisiúnta chun cinn agus díríonn sé níos mó ar an meántéarma agus, ina theannta sin, tá forfheidhmiú níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí na rialacha i gceist leis.

(2) Na pleananna fioscach-struchtúracha meántéarmacha náisiúnta a chuireann na Ballstáit faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin, tá siad i gcroílár an chreata nua rialachais eacnamaíoch. Ba cheart dhá chuspóir a bhaint amach leis na pleananna: (i) faoi dheireadh na tréimhse coigeartúcháin, a áirithiú, *inter alia*, go mbeidh fiachas rialtais ghinearálta ar chonair inchreidte anuas, nó go bhfanfaidh sé ar leibhéil stuama, agus go dtabharfar agus go gcoinneofar an t-easnamh rialtais faoi bhun luach tagartha 3 % de OTI sa mheántéarma, agus (ii) a áirithiú go soláthrófar athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagrófar ar na príomhdhúshláin arna sainaithint i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus lena dtabharfar aghaidh ar thosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais. Chuige sin, ba cheart gealltanas meántéarmach maidir le conair ghlanchaiteachais ([4]) a chur isteach i ngach plean, lena mbunaítear go héifeachtach sriantacht buiséid ar feadh ré an phlean, lena gcumhdaítear 4 nó 5 bliana (ag brath ar ghnáth-théarma an reachtais i mBallstát). Ina theannta sin, tá míniú le tabhairt sa phlean ar an gcaoi a n-áiritheoidh an Ballstát go soláthrófar athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagrófar ar na príomhdhúshláin arna sainaithint i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, go háirithe sna moltaí tírshonracha (lena n-áirítear na moltaí sin a bhaineann leis an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, más infheidhme), agus ar an gcaoi a dtabharfaidh an Ballstát sin aghaidh ar thosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais. Leis an tréimhse le haghaidh coigeartú fioscach, cumhdaítear tréimhse 4 bliana, tréimhse a bhféadfar síneadh suas le 3 bliana a chur léi má thugann an Ballstát gealltanas i leith tacar athchóirithe agus infheistíochtaí ábhartha a sholáthar a chomhlíonann na critéir a leagtar amach in Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2024/1263.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj).

([2]) Rialachán (AE) 2024/1264 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L, 2024/1264, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1264/oj).

([3]) Treoir (AE) 2024/1265 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Treoir 2011/85/AE maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát (IO L, 2024/1265, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1265/oj).

([4]) Glanchaiteachas, mar a shainmhínítear é in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2024/1263, is é sin caiteachas rialtais atá glan: (i) ar chaiteachas úis, (ii) ar bhearta lánroghnacha ioncaim, (iii) ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, (iv) ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas, (v) ar ghnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus (vi) ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

(3) Tar éis thíolacadh an phlean, déanfaidh an Coimisiún measúnú cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann sé ceanglais Rialachán (AE) 2024/1263.

(4) Déanfaidh an Chomhairle, ar mholadh a fháil ón gCoimisiún, moladh a ghlacadh ansin ina leagtar amach conair ghlanchaiteachais an Bhallstáit lena mbaineann agus, i gcás inarb infheidhme, déanfaidh sí formhuiniú ar an tacar gealltanas athchóirithe agus infheistíochta atá ina mbonn taca le síneadh a chur leis an tréimhse coigeartúcháin fhioscaigh.

BREITHNITHE A BHAINEANN LE PLEAN FIOSCACH-STRUCHTÚRACH MEÁNTÉARMACHA NÁISIÚNTA NA FRAINCE

(5) An 31 Deireadh Fómhair 2024, chuir an Fhrainc a plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin. Rinneadh an tíolacadh tar éis síneadh a bheith curtha leis an sprioc-am a leagtar amach in Airteagal 36 de Rialachán (AE) 2024/1263, mar a comhaontaíodh leis an gCoimisiún, chun deis a thabhairt don Fhrainc plean a chur i láthair bunaithe ar ghealltanas láidir polaitiúil ón rialtas nuacheaptha. Mar sin féin, tar éis vóta mímhuiníne ón bParlaimint an 5 Nollaig, ceapadh rialtas nua an 23 Nollaig 2024. An 14 Eanáir 2025, d'fhógair an Príomh-Aire don Tionól Náisiúnta sprioc easnaimh nua de 5,4 % de OTI do 2025, níos airde ná an sprioc roimhe sin de 5,0 % de OTI, agus d'athdhearbhaigh sé an gealltanas an t-easnamh a thabhairt faoi bhun 3 % de OTI faoi 2029. An 16 Eanáir 2025, d'iarr an Fhrainc, trí litir ó Ard-Stiúrthóir an Státchiste, go ndéanfaí oiriúnú ar an gconair ghlanchaiteachais is bun leis an moladh lena bhformhuinítear plean meántéarmach na Fraince agus an moladh faoi Airteagal 126(7) CFAE, chun an sprioc nua maidir le heasnamh a léiriú. Ní áirítear sa litir luachanna nuashonraithe le haghaidh athróga fioscacha eile.

An próiseas sular tíolacadh an plean

(6) Chun an t-idirphlé a dhíriú as a dtiocfaidh tíolacadh pleananna fioscach-struchtúracha meántéarmacha náisiúnta, sheol an Coimisiún, an 21 Meitheamh 2024, de réir Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2024/1263, an chonair thagartha ([5]) chuig an bhFrainc. D'fhoilsigh an Coimisiún an chonair thagartha an 31 Deireadh Fómhair 2024 ([6]). Tá an chonair thagartha rioscabhunaithe agus áirithítear léi, faoi dheireadh na tréimhse coigeartúcháin fhioscaigh agus in éagmais bearta buiséadacha breise tar éis na tréimhse coigeartúcháin, go mbeidh an fiachas rialtais ghinearálta ar chonair inchreidte anuas nó go bhfanfaidh sé ar leibhéil stuama sa mheántéarma, agus go dtabharfar an t-easnamh rialtais ghinearálta faoi bhun 3 % de OTI i gcaitheamh na tréimhse coigeartúcháin agus go gcoinneofar é faoi bhun an luacha tagartha sin sa mheántéarma. Sainmhínítear an meántéarma mar an tréimhse 10 mbliana tar éis dheireadh na tréimhse coigeartúcháin. I gcomhréir le hAirteagal 6, pointe (d), agus le hAirteagail 7 agus 8 de Rialachán (AE) 2024/1263, tá an chonair thagartha comhsheasmhach freisin leis an tagarmharc easnaimh, leis an gcoimirce inbhuanaitheachta fiachais, agus leis an gcoimirce athléimneachta easnaimh.

I gconair thagartha na Fraince, leagtar amach nár cheart fás níos mó ná na luachanna arna soláthar i dTábla 1 a theacht ar ghlanchaiteachas, agus sin bunaithe ar thoimhdí an Choimisiúin atá ina mbonn taca faoin treoir arna tabhairt roimh ré i mí an Mheithimh 2024, agus ar thréimhse choigeartúcháin 7 mbliana a chur san áireamh. Comhfhreagraíonn sin do mheánfhás glanchaiteachais 1,6 % le linn na tréimhse coigeartúcháin (2025-2031) agus le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an bplean (2025-2029) araon.

Tábla 1: Conair thagartha arna soláthar ag an gCoimisiún don Fhrainc an 21 Meitheamh 2024

	2025	2026	2027	2028	2029	2030	2031	Meán 2025-2029	Meán 2025-2031
Fás glanchaiteachais uasta (bliantúil, %)	2,0	1,7	1,6	1,4	1,5	1,6	1,7	1,6	1,6

Foinse: Ríomhanna an Choimisiúin.

([5]) Cuimsítear le treoir arna tabhairt roimh ré do na Ballstáit agus don Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais conairí gan síneadh leis an tréimhse choigeartúcháin agus le síneadh léi (lena gcumhdaítear 4 bliana agus 7 mbliana, faoi seach). Áirítear inti freisin na príomhchoinníollacha tosaigh agus na príomhthoimhdí bunúsacha a úsáidtear i gcreat réamh-mheasta fiachais rialtais mheántéarmaigh an Choimisiúin Eorpaigh. Ríomhadh an chonair thagartha ar bhonn na modheolaíochta a thuairiscítear i dTuarascáil Faireacháin an Choimisiúin Eorpaigh ar Inbhuanaitheacht Fiachais 2023 (https://economy-finance.ec.europa.eu/publications/debt-stainability-monitor-2023_ga). Tá sí bunaithe ar réamhaisnéis an earraigh 2024 ón gCoimisiún Eorpach agus ar a síneadh meántéarmach suas le 2033, agus tá costais fhadtéarmacha fáis agus aosaithe OTI i gcomhréir le Tuarascáil chomhpháirteach 2024 ón gCoimisiún agus ón gComhairle maidir le hAosú (https://economy-finance.ec.europa.eu/publications/2024-ageing-report-economic-and-budgetary-projections-eu-member-states-2022-2070_ga).

([6]) https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/national-medium-term-fiscal-structural-plans_en#france.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) 2024/1263, chuaigh an Fhrainc agus an Coimisiún i mbun idirphlé teicniúil i mí Dheireadh Fómhair 2024. Bhí an t-idirphlé dírithe ar an gconair ghlanchaiteachais atá beartaithe ag an bhFrainc agus ar na toimhdí bunúsacha a bhaineann léi (go háirithe an chonair atá beartaithe le haghaidh fás féideartha, fíor-OTI agus an díbhoilsceoir OTI, agus an t-iolraitheoir fioscach), an tsraith gealltanas i leith athchóirithe agus infheistíochtaí atá beartaithe chun tacú le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin lena n-áirítear athchóirithe agus infheistíochtaí mar shampla gealltanais chun athchóirithe a rinneadh le déanaí ar mhargadh an tsaothair a chomhlánú i dtreo chuspóir na lánfhostaíochta, ationsclú agus iomaíochas a threisiú trí thacaíocht a thabhairt don taighde agus don nuálaíocht agus timpeallacht ghnó shimplithe, dlús a chur leis an aistriú glas agus bainistíocht airgeadais phoiblí a neartú), arb é is aidhm dóibh freisin freagairt ar na príomhdhúshláin arna sainaithint i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus thosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais maidir leis an aistriú cóir, glas agus digiteach, an athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch, an tslándáil fuinnimh agus méadú na gcumas cosanta.

(8) Ní thuairiscítear sa phlean ar phróiseas comhairliúcháin le páirtithe leasmhara náisiúnta ábhartha (lena n-áirítear comhpháirtithe sóisialta) sula dtíolactar an plean.

(9) Thug an Ard-Chomhairle um Airgeadas Poiblí (institiúid fhioscach neamhspleách na Fraince) tuairim uaithi maidir leis an réamhaisnéis mhaicreacnamaíoch agus na toimhdí maicreacnamaíocha atá ina mbonn taca faoin gconair ghlanchaiteachais ilbhliantúil. Tháinig an Ard-Chomhairle ar an gconclúid nár leor an fhaisnéis a chuir an Rialtas ar fáil tráth ullmhaithe na tuairime chun go bhféadfaí measúnú a dhéanamh ar réalachas na conaire ilbhliantúla a leagtar amach sa phlean meántéarmach, go háirithe maidir le comhdhéanamh an fháis tar éis 2025, conair an airgeadais phoiblí nó an tacar athchóirithe agus infheistíochtaí a bheadh mar bhonn taca faoi shíneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin ó 4 bliana go 7 mbliana. Mar sin féin, ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil, mheas an Ard-Chomhairle i ndáil leis an gcás maidir le OTI féideartha agus an bhearna aschuir, cé go raibh siad fós beagán dóchasach, go raibh siad réasúnta i gcomparáid le meastacháin roimhe seo agus, an tráth céanna, bhí an cás maidir le fás iarbhír fós dóchasach. D'athdhearbhaigh an Ard-Chomhairle a thábhachtaí atá sé go n-urramóidh an Fhrainc conair an phlean mheántéarmaigh agus, an tráth céanna, go leanfaidh sí d'infheistíochtaí tosaíochta a mhaoiniú agus d'acmhainneacht fáis a chaomhnú.

(10) Cuireadh an plean faoi bhráid na parlaiminte náisiúnta an 21 Deireadh Fómhair 2024.

Próisis ghaolmhara eile

(11) An 26 Iúil 2024, shuigh an Chomhairle gur ann d'easnamh iomarcach sa Fhrainc mar gheall ar neamhchomhlíonadh an chritéir easnaimh ([7]).

Tá an Moladh seo i gcomhthráth leis an Moladh ón gComhairle faoi Airteagal 126(7) CFAE d'fhonn deireadh a chur le heasnamh rialtais iomarcach sa Fhrainc. Le glacadh comhuaineach na moltaí sin, moltaí atá saincheaptha don aistriú chuig an gcreat nua rialachais eacnamaíoch agus a bhfuil údar leis ina leith sin, áirithítear comhsheasmhacht idir na conairí coigeartúcháin atá molta.

(12) An 23 Deireadh Fómhair 2024, thíolaic an Fhrainc a Dréachtphlean Buiséadach le haghaidh 2025. Ghlac an Coimisiún tuairim maidir leis an Dréachtphlean Buiséadach sin an 26 Samhain 2024 ([8]). Tar éis don Pharlaimint vóta mímhuiníne a chaitheamh, cuireadh próiseas glactha an dréachtbhuiséid do 2025 ar feitheamh. Go dtí go nglacfar buiséad nua do 2025, ceadaítear leis an dlí speisialta a ghlac an Pharlaimint i mí na Nollag 2024 don Stát cánacha a bhailiú agus eisiúint fiachais ag an Stát agus ag na heintitis slándála sóisialta in 2025. An tráth céanna, le foraithne a ghlac an rialtas an 30 Nollaig 2024, ceadaítear buiséad 2024 a thabhairt anonn go dtí 2025.

(13) An 21 Deireadh Fómhair 2024, chuir an Chomhairle sraith moltaí tírshonracha faoi bhráid na Fraince i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh ([9]).

ACHOIMRE AR AN bPLEAN AGUS AN MEASÚNÚ ÓN gCOIMISIÚN AIR SIN

(14) I gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) 2024/1263, rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean mar a leanas:

Comhthéacs: staid agus ionchas maicreacnamaíoch agus fioscach

(15) Tháinig fás 0,9 % ar ghníomhaíocht eacnamaíoch sa Fhrainc in 2023, fás arb é an tomhaltas príobháideach agus rannchuidiú dearfach ó ghlan-onnmhairí ba chúis leis. De réir Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún Eorpach, meastar go bhfásfaidh an geilleagar 1,1 % in 2024, mar gheall ar ghlan-onnmhairí a bhí fós láidir, rud a bhí ina thacú leis an tomhaltas poiblí agus an infheistíocht phoiblí. In 2025, meastar go dtiocfaidh méadú 0,8 % ar an

([7]) IO L, 1.8.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dec/2024/2122/oj.
([8]) Tuairim ón gCoimisiún maidir le Dréachtphlean Buiséadach na Fraince, 26.11.2024, C(2024) 9055 final.
([9]) Moladh ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2024 maidir le beartais eacnamaíocha, bhuiséadacha, fostaíochta agus struchtúracha na Fraince.

bhfíor-OTI, ós rud é go mbeidh tionchar ag staid fhioscach chrapthach ar ghníomhaíocht eacnamaíoch. Cé go bhfuil an díbhoilsciú agus méaduithe ar fhíorphá ina dtacú leis, meastar go mbeidh an tomhaltas príobháideach fós íseal, agus meastar go mbeidh tionchar fós ag na héifeachtaí moillithe a bhaineann le beartas airgeadaíochta níos forleathnaithí, mar aon le héiginnteacht eacnamaíoch agus éiginnteacht i dtaca le beartas, ar an infheistíocht phríobháideach. In 2026, meastar go dtiocfaidh méadú 1,4 % ar fhíor-OTI, ós rud é go réamh-mheastar go mbeidh éileamh intíre príobháideach agus infheistíocht phríobháideach níos airde ann mar thoradh ar choigeartú fioscach níos ísle agus costais chreidmheasa a bheidh ag laghdú a thuilleadh. Le linn na tréimhse réamhaisnéise (i.e., 2024-2026), meastar go dtiocfaidh moilliú beag ar fhás OTI ionchasaigh sa Fhrainc, arb é rannchuidiú moillitheach ó shaothar is cúis leis. Ba é 7,3 % an ráta dífhostaíochta in 2023, agus réamh-mheasann an Coimisiún gurb é 7,4 % a bheidh ann in 2024 agus 7,5 % in 2025 agus 7,6 % in 2026. Réamh-mheastar go laghdóidh an boilsciú (díbhoilsceoir OTI) ó 5,3 % in 2023 go 2,2 % in 2024 agus go sroichfidh sé 1,6 % in 2025 agus 1,7 % in 2026.

(16) Maidir le forbairtí fioscacha, in 2023 is é a bhí in easnamh rialtais ghinearálta na Fraince 5,5 % de OTI. De réir Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún Eorpach, sroichfidh sé 6,2 % de OTI in 2024 agus laghdóidh sé go 5,3 % de OTI in 2025 agus, ar an mbonn nach mbeidh aon athrú beartais ann, méadóidh sé go dtí 5,4 % in 2026. Áirítear i réamhaisnéis an Choimisiúin dréachtbhuiséad na Fraince le haghaidh 2025 a mhol an rialtas don pharlaimint náisiúnta i mí Dheireadh Fómhair. Ba é 109,9 % de OTI an fiachas rialtais ghinearálta ag deireadh 2023. De réir Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún Eorpach, meastar go dtiocfaidh méadú ar an gcóimheas fiachais go 112,7 % de OTI ag deireadh 2024. Réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú breise air go 115,3 % de OTI ag deireadh 2025 agus go 117,1 % ag deireadh 2026. Sa réamhaisnéis fhioscach ón gCoimisiún, ní bhreithnítear na gealltanais bheartais sna pleananna meántéarmacha le fírinne go dtí go gcuirtear taca fúthu le bearta beartais nithiúla arna bhfógairt go hinchreidte agus arna sonrú go leordhóthanach.

An chonair ghlanchaiteachais agus na príomhthoimhdí maicreacnamaíocha sa phlean

(17) Cumhdaítear le plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Fraince an tréimhse 2025-2029 agus cuirtear coigeartú fioscach i láthair ann i gcaitheamh 7 mbliana.

(18) Tá an fhaisnéis a cheanglaítear le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2024/1263 sa phlean, cé is moite den chomhairliúchán leis na parlaimintí náisiúnta agus an comhairliúchán dá dtagraítear in Airteagal 11 a cheanglaítear le hAirteagal 13(g) de Rialachán (AE) 2024/1263.

(19) Leis an bplean, arna chomhlánú le litir na n-údarás an 16 Eanáir 2025, tugtar gealltanas i leith na conaire glanchaiteachais a léirítear i dTábla 2, a chomhfhreagraíonn do mheánfhás glanchaiteachais 1,1 % i gcaitheamh na mblianta 2025-2029. Cuirtear an chonair ghlanchaiteachais oiriúnaithe sin san áireamh sa mheasúnú thíos. Ina theannta sin, tugann an Fhrainc gealltanas i leith tacar athchóirithe agus infheistíochtaí d'fhonn síneadh 7 mbliana a chur leis an tréimhse choigeartúcháin (2025-2031), tréimhse ar lena linn a bheartaítear meánfhás glanchaiteachais 1,1 %.

An meánfhás glanchaiteachais arna thuairisciú sa phlean le haghaidh na tréimhse coigeartúcháin (2025-2031), is ísle é ná an chonair thagartha arna tarchur ag an gCoimisiún an 21 Meitheamh 2024.

Déantar toimhde sa phlean go bhfanfaidh fás OTI ionchasaigh cobhsaí ag 1,2 % go dtí 2028 (gan athrú ó 2024), sula laghdóidh sé go 1,0 % in 2029. Ina theannta sin, meastar sa phlean go dtiocfaidh laghdú ar ráta fáis díbhoilsceora OTI go 1,7 % in 2025 (ó 2,3 % in 2024) sula laghdóidh sé a thuilleadh go 1,6 % in 2026-2029.

Tábla 2: An chonair ghlanchaiteachais agus na príomhthoimhdí i bplean na Fraince

						Síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin				
	2024	2025	2026	2027	2028	2029	2030	2031	Meánfhás i rith thréimhse bhailíochta an phlean 2025-2029	An meán i rith na tréimhse coigeartúcháin 2025-2031
Fás glanchaiteachais (ar bhonn bliantúil, %)	3,8	0,8	1,2	1,2	1,2	1,1	1,1	1,1	1,1	1,1

						Síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin				
	2024	2025	2026	2027	2028	2029	2030	2031	Meánfhás i rith thréimhse bhailíochta an phlean 2025-2029	An meán i rith na tréimhse coigeartúcháin 2025-2031
Fás glanchaiteachais (ar bhonn carnach, ón mbonnbhliain 2023, %)	3,8	4,6	5,8	7,1	8,4	9,5	10,8	12,0	n/bh	n/bh
Fás OTI ionchasaigh (%)	1,2	1,2	1,2	1,2	1,2	1,0	1,0	1,0	1,2	1,1
Boilsciú (fás díbhoilsceora OTI) (%)	2,3	1,7	1,6	1,6	1,6	1,6	1,6	1,6	1,6	1,6

Foinse: Plean fioscach-struchtúrach meántéarmach na Fraince (arna chomhlánú le litir na n-údarás an 16 Eanáir 2025) agus ríomhanna an Choimisiúin.

Impleachtaí ghealltanais ghlanchaiteachais an phlean maidir le fiachas rialtais ghinearálta

Forbairtí fiachais

(20) Dá dtiocfadh an chonair ghlanchaiteachais a bhfuil gealltanas tugtha ina leith sa phlean mar aon leis na toimhdí bunúsacha i gcrích, thiocfadh méadú de réir a chéile ar fhiachas rialtais ghinearálta, de réir an phlean, ó 112,9 % de OTI in 2024 go 116,5 % de OTI in 2027, agus ansin laghdódh sé de réir a chéile go 113,5 % de OTI ag deireadh na tréimhse coigeartúcháin (2031), de réir an tábla seo a leanas. Thar an meántéarma, is é sin thar na 10 mbliana tar éis dheireadh na tréimhse coigeartúcháin, d'fhanfadh an cóimheas fiachais rialtais ghinearálta ar threocht sheasta laghdaitheach, agus shroichfeadh sé leibhéal 100,9 % in 2041.

Tábla 3: Forbairtí maidir le fiachas rialtais ghinearálta agus comhardú rialtais ghinearálta i bplean na Fraince

	2023	2024	2025	2026	2027	2028	2029	2030	2031	2041
Fiachas rialtais (% de OTI)	109,9	112,9	114,7	115,9	116,5	116,1	115,8	114,9	113,5	100,9
Comhardú rialtais (% de OTI)	- 5,5	- 6,1	- 5,0	- 4,6	- 4,0	- 3,3	- 2,8	- 2,2	- 1,7	- 1,6

Foinse: Plean fioscach-struchtúrach meántéarmach na Fraince.

Dá bhrí sin, de réir an phlean, chuirfí an cóimheas fiachais rialtais ghinearálta ar chonair anuas faoi dheireadh na tréimhse coigeartúcháin (2031). Tá sin inchreidte ós rud é, bunaithe ar thoimhdí an phlean, go réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú ar an bhfiachas i gcaitheamh na 10 mbliana tar éis na tréimhse coigeartúcháin faoi na tástálacha struis cinnteachaíocha uile in Anailís an Choimisiúin ar Inbhuanaitheacht Fiachais, agus go léiríonn na réamh-mheastacháin stocastacha go bhfuil dóchúlacht leordhóthanach ann go dtiocfadh laghdú ar an bhfiachas.

Dá bhrí sin, bunaithe ar ghealltanais bheartais agus toimhdí maicreacnamaíocha an phlean, tá an chonair ghlanchaiteachais a chuirtear ar aghaidh sa phlean comhsheasmhach leis an gceanglas maidir le fiachas a leagtar amach in Airteagal 6, pointe (a), agus in Airteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2024/1263. De réir údaráis na Fraince agus ríomhanna an Choimisiúin féin, ní bheidh difríocht shuntasach idir forbairtí fiachais meántéarmacha ar bhonn na conaire glanchaiteachais oiriúnaithe agus na forbairtí a áirítear sa phlean tosaigh.

Impleachtaí ghealltanais ghlanchaiteachais an phlean maidir leis an gcomhardú rialtais ghinearálta

(21) Ar bhonn chonair ghlanchaiteachais agus thoimhdí an phlean, laghdódh an t-easnamh rialtais ghinearálta de réir a chéile ó 6,1 % de OTI in 2024 go 2,8 % de OTI in 2029 agus go 1,7 % de OTI ag deireadh na tréimhse coigeartúcháin (2031). Dá bhrí sin, de réir an phlean, ní sháródh an comhardú rialtais ghinearálta an luach tagartha 3 % de OTI ag deireadh na tréimhse coigeartúcháin (2031). Ina theannta sin, sna 10 mbliana tar éis na tréimhse coigeartúcháin (i.e. go dtí 2041), ní sháródh an t-easnamh rialtais 3 % de OTI. Dá bhrí sin, bunaithe ar ghealltanais bheartais agus toimhdí maicreacnamaíocha an phlean, bheadh an chonair ghlanchaiteachais a chuirtear ar aghaidh sa phlean comhsheasmhach leis an gceanglas maidir leis an easnamh a leagtar amach in Airteagal 6, pointe (b), agus in Airteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2024/1263. De réir údaráis na Fraince agus ríomhanna an Choimisiúin féin, ní bheidh difríocht shuntasach idir forbairtí easnaimh mheántéarmacha ar bhonn na conaire oiriúnaithe glanchaiteachais a cuireadh ar aghaidh i litir na n-údarás agus na forbairtí a áirítear sa phlean tosaigh.

Próifíl ama an choigeartaithe fhioscaigh

(22) Próifíl ama an choigeartaithe fhioscaigh, arna tomhas mar an t-athrú ar an bpríomhchomhardú struchtúrach, mar a thuairiscítear sa phlean, is próifíl í atá tús-ualaithe, i gcomparáid leis an gconair líneach dá dtagraítear mar riail faoi Airteagal 6, pointe (c), de Rialachán (AE) 2024/1263. Is léiriú é sin ar iarracht mhór chomhdhlúthaithe in 2025. Ina theannta sin, an coigeartú fioscach i gcaitheamh na chéad 4 bliana den phlean tá sé níos mó ná comhréireach leis an iarracht choigeartúcháin iomlán.

Dá bhrí sin, bunaithe ar ghealltanais bheartais agus toimhdí maicreacnamaíocha an phlean, tá an chonair ghlanchaiteachais a luaitear sa phlean comhsheasmhach leis an gclásal i dtaca leis an gcoimirce maidir le siarchoinneáil a chosc a leagtar amach in Airteagal 6(c) de Rialachán (AE) 2024/1263. De réir údaráis na Fraince agus ríomhanna an Choimisiúin féin, tugtar tús áite don choigeartú fioscach a eascraíonn as an gconair ghlanchaiteachais oiriúnaithe.

Tábla 4: Forbairtí maidir le príomhchomhardú struchtúrach i bplean na Fraince

	2023	2024	2025	2026	2027	2028	2029	2030	2031
Príomhchomhardú struchtúrach (% de OTI)	- 3,2	- 3,6	- 2,3	- 1,7	- 1,0	- 0,3	0,3	1,1	1,8
Athrú ar an bpríomhchomhardú struchtúrach (pointí céatadáin)	n/bh	- 0,4	1,4	0,6	0,7	0,7	0,7	0,7	0,7

Foinse: Plean fioscach-struchtúrach meántéarmach na Fraince.

Comhsheasmhacht leis an nós imeachta um easnamh iomarcach

(23) Tá an chonair ghlanchaiteachais a leagtar amach sa phlean i gcomhréir leis na ceanglais faoin nós imeachta um easnamh iomarcach (go háirithe leis an gcoigeartú struchtúrach bliantúil íosta a bhunaítear in Airteagal 3(4), an tríú fomhír, de Rialachán (CE) 1467/97 ón gComhairle). De réir údaráis na Fraince agus ríomhanna an Choimisiúin féin, tá an coigeartú fioscach a eascraíonn as an gconair ghlanchaiteachais oiriúnaithe fós i gcomhréir leis an gcoigeartú struchtúrach bliantúil íosta faoin nós imeachta um easnamh iomarcach.

Comhsheasmhacht an phlean leis an gcoimirce athléimneachta easnaimh

(24) An ceanglas maidir leis an ngné choisctheach a leagtar amach in Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 2024/1263 maidir leis an gcoimirce athléimneachta easnaimh, arb é is aidhm dó corrlach coiteann a sholáthar i gcoibhneas leis an luach tagartha easnaimh 3 % de OTI, tá feidhm aige maidir leis an bhFrainc ó 2030 ar aghaidh, ós rud é go bhfuil sé beartaithe go mbeidh an t-easnamh faoi bhun 3 % de OTI ó 2029 ar aghaidh. Dá bhrí sin, in 2030 agus 2031, níor cheart an coigeartú bliantúil ar an bpríomhchomhardú struchtúrach a bheith níos lú ná 0,25 % de OTI más rud é gur fhan an t-easnamh struchtúrach os cionn 1,5 % de OTI sna blianta roimhe sin, chun corrlach coiteann athléimneachta 1,5 % de OTI a bhaint amach i dtéarmaí struchtúracha. An coigeartú fioscach a eascraíonn as gealltanais bheartais agus toimhdí maicreacnamaíocha an phlean, tá sé os cionn 0,25 % de OTI sa dá bhliain. Dá bhrí sin, bunaithe ar ghealltanais bheartais agus toimhdí maicreacnamaíocha an phlean, an chonair ghlanchaiteachais a chuirtear chun tosaigh sa phlean, tá sí comhsheasmhach leis an gcoimirce athléimneachta easnaimh. De réir údaráis na Fraince agus ríomhanna an Choimisiúin féin, comhlíonann an coigeartú fioscach a eascraíonn as an gconair ghlanchaiteachais oiriúnaithe an choimirce athléimneachta easnaimh go fóill.

Comhsheasmhacht an phlean leis an gcoimirce inbhuanaitheachta fiachais

(25) I gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2024/1263, ós rud é go mbeidh an fiachas rialtais ghinearálta os cionn 90 % de OTI i gcaitheamh na tréimhse coigeartúcháin de réir an phlean, ní mór an cóimheas fiachais a laghdú 1 phointe céatadáin ar a laghad ar an meán in aghaidh na bliana go dtí go dtitfidh sé faoi bhun 90 % agus ba cheart é a laghdú 0,5 pointe céatadáin ar an meán ina dhiaidh sin. Ós rud é go bhfuil sé beartaithe go mbeidh an t-easnamh faoi bhun 3 % de OTI ó 2029 ar aghaidh de réir an phlean, ríomhtar an laghdú sin le haghaidh na bliana 2031 (i gcomparáid le leibhéal 2030) agus is é 1,4 pointe céatadáin a bheidh sa laghdú sin (féach Tábla 3). Dá bhrí sin, bunaithe ar ghealltanais bheartais agus toimhdí maicreacnamaíocha an phlean, tá an chonair ghlanchaiteachais a luaitear sa phlean comhsheasmhach leis an gcoimirce inbhuanaitheachta fiachais. De réir údaráis na Fraince agus ríomhanna an Choimisiúin féin, comhlíonann na forbairtí fiachais a eascraíonn as an gconair ghlanchaiteachais oiriúnaithe an choimirce inbhuanaitheachta fiachais go fóill.

Toimhdí maicreacnamaíocha an phlean

(26) Tá an plean bunaithe ar thacar toimhdí atá éagsúil le toimhdí an Choimisiún a tarchuireadh chuig an bhFrainc an 21 Meitheamh 2024. Go sonrach, úsáidtear toimhdí éagsúla sa phlean maidir le deich n-athróg, is iad sin an túsphointe (príomhchomhardú struchtúrach in 2024), fás OTI ionchasaigh, fás díbhoilsceora OTI, fás fíor-OTI, an bhearna aschuir, ráta úis ainmniúil intuigthe, an t-iolraitheoir fioscach, coigeartuithe sreabhaidh i leith stoic, bearta aonuaire agus bearta sealadacha eile, agus leathleaisteachas chomhardú an bhuiséid. Thairis sin, is coigeartú tús-ualaithe é, agus úsáideann an Fhrainc foirmle dhifriúil chun fás glanchaiteachais a ríomh. Tugtar thíos measúnú ar na difríochtaí sin i dtoimhdí.

Liostaítear thíos na difríochtaí idir na toimhdí a bhfuil an tionchar is mó acu ar an meánfhás glanchaiteachais, mar aon le measúnú ar gach difríocht a bhreithnítear ina haonar.

Déantar toimhde sa phlean go mbeidh príomhchomhardú struchtúrach níos ísle ann le haghaidh 2024, is é sin easnamh príomha struchtúrach 3,6 % de OTI, agus bhí coinne ag an gCoimisiún le heasnamh príomha struchtúrach 3,0 % de OTI sa treoir a thug sé roimh ré in earrach 2024. Léirítear an staid fhioscach tosaigh sin nach bhfuil chomh fabhrach sin freisin san easnamh buiséid níos airde (6,1 % de OTI sa phlean) le haghaidh 2024, i gcomparáid le heasnamh 5,3 % de OTI i dtoimhdí an Choimisiúin san earrach. Léirítear faisnéis níos cothroime le dáta atá ar fáil ón earrach san athbhreithniú sin agus sna coinníollacha maicreacnamaíocha nuashonraithe le haghaidh 2024 sa phlean. Tá sé sin i gcomhréir freisin le Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún Eorpach. Dá réir sin, meastar go bhfuil údar cuí leis an difríocht sin idir toimhdí. Gan aon rud eile san áireamh, cuireann an difríocht sin idir toimhdí le meánfhás glanchaiteachais níos ísle i rith na tréimhse coigeartúcháin sa phlean ná mar atá de réir thoimhdí an Choimisiúin.

— Úsáidtear toimhdí níos airde agus níos rianúla maidir le fás aschuir féideartha le linn na tréimhse 2025-2041. An fhéidearthacht toimhdí malartacha fáis fhéideartha a úsáid, tá an fhéidearthacht sin i gcomhréir le h Airteagal 36(1)(f) de Rialachán (AE) 2024/1263, ar choinníoll go bhfuil fás carnach thar an tréimhse réamh-mheastacháin (i.e. suas le 2041) i gcomhréir tríd is tríd le toimhdí an Choimisiúin. Ní hamhlaidh atá sa phlean. Maidir leis an meánfhás OTI ionchasaigh le linn na tréimhse 2025-2041, tá sé 0,3 pointe céatadáin níos mó sa phlean ná toimhde an Choimisiúin a comhroinneadh an 21 Meitheamh 2024. Titeann an difríocht sin go 0,1 pointe céatadáin ach is ann di fós nuair a thugtar toimhdí an Choimisiúin cothrom le dáta chun an t-athbhreithniú staidrimh arna eisiúint ag Eurostat ina athbhreithniú meántéarma agus réamhaisnéis an fhómhair 2024 ón gCoimisiún Eorpach a chur san áireamh. Dá bhrí sin, an difríocht idir toimhdí maidir le measatacháin ar fhás OTI ionchasaigh idir an plean agus toimhdí an Choimisiúin sa treoir a thug sé roimh ré, ní féidir í a mhíniú go hiomlán le sonraí nuashonraithe agus úsáid á baint as an modheolaíocht a comhaontaíodh go comhchoiteann. Dá bhrí sin, níl an toimhde sin comhsheasmhach leis an gcreat coiteann um anailís ar inbhuanaitheacht an fhiachais. Má bhreithnítear é ina aonar, ardaítear leis uasteorainn an mheánfháis glanchaiteachais i gcaitheamh na tréimhse coigeartúcháin i gcomparáid leis an gconair thagartha.

— Réamh-mheastar sa phlean go mbeidh meánfhás díbhoilsceora OTI níos ísle ann le linn 2025-2031 ná mar a bhí de réir thoimhdí an Choimisiúin, is é sin 1,6 % i gcomparáid le 2,2 %. Tar éis na tréimhse coigeartúcháin, déantar toimhde sa phlean go mbeidh fás díbhoilsceora OTI 1,75 % ann gach bliain, fás atá níos ísle ná na luachanna cóineasaithe 2,6 % in 2033 agus 2,0 % san fhadtéarma i dtoimhdí an Choimisiúin. Tá an toimhde sa phlean níos faichillí agus meastar go bhfuil údar cuí leis. Is é an tionchar a imríonn sé meánfhás glanchaiteachais níos lú i rith na tréimhse coigeartúcháin sa phlean ná mar atá de réir thoimhdí an Choimisiúin.

— I gcomparáid leis an gcreat coiteann um anailís ar inbhuanaitheacht an fhiachais, úsáidtear foirmle dhifriúil sa phlean chun an t-athrú is gá ar an bpríomhchomhardú struchtúrach a aistriú go fás glanchaiteachais. Ceartaítear leis an bhfoirmle sin comhpháirt neamh-lánroghnach chun leaisteachas ioncaim go OTI ionchasach ainmniúil atá níos ísle go sealadach i gcomparáid leis an toimhde maidir le gnáthleaisteachas aonaid. I gcás an phlean, mar thoradh ar an bhfoirmle sin a chur i bhfeidhm bíonn fás glanchaiteachais níos ísle ann i gcaitheamh na chéad bhlianta den tréimhse choigeartúcháin. Dá bhrí sin, tá sé níos faichillí agus meastar go bhfuil údar cuí leis.

Tríd is tríd, is mó tionchar comhpháirteach na dtoimhdí atá níos faichillí agus na ndifríochtaí idir toimhdí a bhfuil údar cuí leo ná tionchar na toimhdean maidir le fás OTI ionchasaigh. Thairis sin, na difríochtaí idir toimhdí atá fágtha, cé nach mbíonn siad i gcomhréir leis an gcreat coiteann um anailís ar inbhuanaitheacht an fhiachais i gcónaí, níl tionchar mór acu ar an meánfhás glanchaiteachais i gcomparáid le toimhdí an Choimisiúin. Ar an iomlán, is é an toradh atá ar na difríochtaí uile idir toimhdí a ghlactar le chéile meánfhás glanchaiteachais sa phlean is ísle ná an chonair thagartha.

Cuirfidh an Coimisiún an measúnú thuas ar thoimhdí an phlean san áireamh i measúnuithe a dhéanfaidh sé amach anseo ar chomhlíonadh na conaire glanchaiteachais.

Straitéis fhioscach an phlean

(27) De réir na straitéise fioscaí táscaí sa phlean, déanfar na gealltanais maidir le glanchaiteachas a thabhairt i gcrích trí bhíthin smacht ar chaiteachas agus méaduithe lánroghnacha ar ioncam araon. Tá comhdhlúthú tús-ualaithe beartaithe sa phlean, agus déanfar tuairim is an ceathrú cuid den laghdú ar an gcóimheas idir easnamh agus OTI faoi bhun an luacha tagartha 3 % a bhaint amach in 2025 amháin. Bhainfí é sin amach den chuid is mó trí chaiteachas a shrianadh i gcomparáid le cás nach ndéantar athrú ar bheartais, ar leibhéal an rialtais láir den chuid is mó ach le rannchuidiú fo-earnálacha uile an riaracháin phoiblí. I gcaitheamh thréimhse an phlean, thacófaí le hiarrachtaí chun caiteachas a shrianadh, agus a cháilíocht agus a éifeachtacht á bhfeabhsú an tráth céanna, trí ghealltanais athchóirithe i dtéarmaí athbhreithnithe caiteachais agus simpliú na gníomhaíochta poiblí. Is é is aidhm do na príomhbhearta comhlántacha a chuirtear chun cinn ar thaobh an ioncaim ceartas sóisialta agus fioscach níos fearr a bhaint amach agus éifeachtúlacht fuinnimh níos fearr a spreagadh. Baineann siad le cánacha eisceachtúla ar na hioncaim is airde agus ar bhrabúis na gcuideachtaí is mó, leis an laghdú ar chaiteachas cánach áirithe agus le glasú an chánachais.

Tá sonraíocht na mbeart beartais atá le glacadh le dearbhú nó le coigeartú agus le cainníochtú sna buiséid bhliantúla. An tráth céanna, tá rioscaí ann maidir le cur chun feidhme na straitéise fioscaí táscaí sa phlean, a eascraíonn as na toimhdí maicreacnamaíocha atá mar bhonn taca faoin bplean, lena dtugtar le tuiscint go mbeidh fás OTI dearfach ann faoin gcás coigeartúcháin, agus go bhféadfadh coigilteas níos ísle ó athbhreithnithe caiteachais ná mar a mheastar a bheith ann.

Ina theannta sin, sa bhuiséad a chuir an rialtas os comhair na parlaiminte náisiúnta i mí Dheireadh Fómhair 2024 le haghaidh 2025, sonraítear an chuid is mó de na gníomhaíochtaí beartais trína mbainfear amach an gealltanas glanchaiteachais le haghaidh 2025 ([10]).

Tacar gealltanas athchóirithe agus infheistíochta sa phlean chun bheith mar bhonn taca faoi shíneadh a chur leis an tréimhse coigeartúcháin fhioscaigh

(28) Sa phlean, tugann an Fhrainc gealltanas i leith tacar athchóirithe agus infheistíochtaí, arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar an acmhainneacht fáis agus ar an inbhuanaitheacht fhioscach, chun tacú le síneadh a chur leis an tréimhse coigeartúcháin fhioscaigh ó 4 bliana go 7 mbliana.

An tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoi shíneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin, tá sé comhdhéanta de thrí ghealltanas ón bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta; dhá ghealltanas ón bplean téarnaimh agus athléimneachta le sonraíochtaí breise mar aon le sé athchóiriú agus infheistíocht nua (féach freisin Iarscríbhinn II):

([10]) Féach Tuairim ón gCoimisiún maidir le Dréachtphlean Buiséadach na Fraince, 26.11.2024, C(2024)9055 final.

Athchóiriú ar an árachas dífhostaíochta, a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta (Comhchuid 8, Cosaint fostaíochta, an óige, míchumas, gairmoiliúint), arb é is aidhm dó dreasachtaí a neartú chun filleadh ar fhostaíocht chobhsaí agus teorainn a chur le malartú conarthaí gearra agus tréimhsí dífhostaíochta. Is gealltanas é an t-athchóiriú sin a tugadh cheana sa phlean téarnaimh agus athléimneachta. Is éard a bhí ann pacáiste reachtach a glacadh in 2019 agus a tháinig i bhfeidhm in 2021 faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta. Áiríodh ann bearta maidir le ríomh an chúitimh agus beart *'bonus-malus'* lena gcinntear ranníocaíochtaí fostóirí leis an scéim.

Athchóirithe faoin Dlí maidir le clársceidealú taighde. Is gealltanas é an beart seo a tugadh cheana faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta (Comhchuid 6, Ceannasacht theicneolaíoch agus athléimneacht), is é sin trí bheart dar teideal 'Gnéithe struchtúracha den Dlí maidir le Clársceidealú Taighde', ina n-éilítear go léireofaí faoi R3-2025 an méadú ar chaiteachas poiblí ar thaighde i gcomparáid le 2020. Baineann na forálacha éagsúla leis an taighde agus leis an ardoideachas, agus is é is aidhm dóibh cistiú agus eagrú an taighde a neartú, an barr feabhais eolaíoch a chur chun cinn, feabhas a chur ar tharraingteacht na bpost agus na ngairmeacha eolaíochta, agus torthaí an taighde phoiblí a scaipeadh ar bhealach níos fearr san earnáil phríobháideach, trí fheabhas a chur ar na naisc idir an taighde poiblí agus an nuálaíocht phríobháideach, an geilleagar agus an tsochaí. Is é 2021-2030 tréimhse chur chun feidhme an Dlí maidir le clársceidealú taighde, tréimhse a mhaireann níos faide ná tréimhse an phlean téarnaimh agus athléimneachta.

Athchóirithe faoin Dlí maidir le dlús a chur le táirgeadh fuinnimh in-athnuaite. Na bearta a eascraíonn as cur chun feidhme an dlí, a glacadh agus a tháinig i bhfeidhm in R1-2023, is gealltanas iad a tugadh cheana faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta (Comhchuid 10, REPowerEU), is é sin trí bheart dar teideal 'Dlí maidir le dlús a chur le táirgeadh fuinnimh in-athnuaite'. Tá sé beartaithe roinnt gníomhaíochtaí a chur chun feidhme i gcaitheamh na tréimhse 2023-2030, tar éis foraitheanta cur chun feidhme a ghlacadh san am a chuaigh thart agus sa todhchaí, agus is é is aidhm dóibh ar an iomlán dlús a chur le glacadh an fhuinnimh in-athnuaite sa Fhrainc, cuspóirí aistrithe fuinnimh na Fraince a bhaint amach agus slándáil an tsoláthair fuinnimh sa Fhrainc a áirithiú. Baineann an beart le bealaí iomadúla idirghabhála, mar atá, simpliú nós imeachta agus dlús a chur le pleanáil chríochach, díriú ar fhoinsí gréine (teirmeacha, fótavoltacha agus agravoltacha) agus ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta chomh maith le maoiniú ar bhonn uilechoiteann.

Infheistíochtaí faoin bplean ilbhliantúil 'France 2030'. Áirítear sa phlean infheistíochta an clár PIA4 (*Programme d'Investissements d'Avenir*), agus cuireann an gealltanas sin leis na bearta atá ann cheana sa phlean téarnaimh agus athléimneachta (go háirithe faoi Chomhchuid 6, Ceannasacht theicneolaíoch agus athléimneacht), mar atá, 'Nuálaíocht ar mhaithe le hathléimneacht ár samhlacha gnó', atá ina thacú le hinfheistíocht chun príomhtheicneolaíochtaí digiteacha a fhorbairt, agus 'Tacú le gnólachtaí nuálacha', lena maoinítear infheistíocht in T&F le haghaidh cuideachtaí nuálacha. Meastar go dtabharfar an dá bheart chun críche faoi R4-2024. Leis an bplean 'France 2030' tacaítear le claochlú próiseas táirgthe san fhadtéarma in earnálacha straitéiseacha, mar shampla an earnáil sláinte, an earnáil fuinnimh, agus an earnáil aerloingseoireachta, feadh an tslabhra luacha ina iomláine, ó thaighde bunúsach go nuálaíocht agus go tionsclú, agus cumhdaítear leis raon feidhme níos leithne ná an plean téarnaimh agus athléimneachta. Tá an plean ina rannchuidiú freisin leis an mbearna infheistíochta i gcaiteachas T&F i réimsí ar leith a dhúnadh, rud a chuireann dlús le glasú agus digiteáil an gheilleagair. Cumhdaítear an tréimhse 2022-2026 leis.

Athchóirithe a eascraíonn as an meastóireacht ar cháilíocht an chaiteachais phoiblí trí athbhreithnithe caiteachais treisithe i gcomparáid le gealltanais an phlean téarnaimh agus athléimneachta. Tugtar gealltanas sa phlean maidir le hathbhreithnithe caiteachais bliantúla a threisiú ar fud fho-earnálacha uile an rialtais ghinearálta. Dá bhrí sin, cuireann an gealltanas leis na bearta a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta (Comhchuid 7, Digiteáil Stáit, críoch, fiontar, cultúir) tríd an mbeart dar teideal 'Measúnú ar cháilíocht an chaiteachais phoiblí'. Cuirtear sprioc chainníochtúil charnach chun cinn le haghaidh na tréimhse 2025-2027 le haghaidh coigilteas buan ar chaiteachas poiblí agus laghduithe cánach agus caiteachais shóisialta (de bhreis ar an mbeart dar teideal 'athchóiriú ar na laghduithe ginearálta ar ranníocaíochtaí sóisialta i gcoibhneas leis an bpá íosta (SMIC)') arna spreagadh ag athbhreithnithe caiteachais. Cuirfear chun feidhme é thar an tréimhse choigeartúcháin ina hiomláine agus tabharfar le tuiscint leis go ndéanfar torthaí na n-athbhreithnithe caiteachais a chomhtháthú go héifeachtach agus go tráthrialta sna dréachtbhuiséid bhliantúla, mar aon le tuarascálacha faireacháin bliantúla a fhoilsiú, ina léireofar an coigilteas bliantúil agus carnach arna shainaithint agus arna chur chun feidhme.

Athchóiriú ar an árachas dífhostaíochta tar éis caibidlíocht idir na comhpháirtithe sóisialta. Is é is aidhm don bheart seo, atá nua i gcomparáid leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta, tuilleadh athchóirithe a dhéanamh ar na rialacha maidir le hárachas dífhostaíochta i gcaitheamh na 3 bliana atá amach romhainn, go háirithe na rialacha maidir le hoibrithe sinsearacha agus, an tráth céanna, an méid a baineadh amach le hathchóirithe 2019, 2021 agus 2023 a chaomhnú agus rannchuidiú lena dtionchar buiséadach dearfach a threisiú. Déantar foráil sa phlean maidir le cur chun feidhme na rialacha nua a eascróidh as an gcaibidlíocht idir comhpháirtithe sóisialta ó lár 2025 ar aghaidh, agus maidir le tuarascáil mheasúnachta ar éifeachtaí carntha na n-athchóirithe árachais dífhostaíochta uile faoi dheireadh 2027.

Athchóiriú ar ráta na ranníocaíochta le Caisse Nationale de Retraites des Agents des Collectivités Locales (CNRACL). Is éard atá san athchóiriú, atá nua i gcomparáid leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta, méadú buan ar ráta ranníocaíochtaí sóisialta na bhfostóirí leis an scéim scoir speisialta atá freagrach as árachas a sholáthar do rialtais áitiúla agus d'oifigigh na n-ospidéal. Trí thionchar buiséadach dearfach a chruthú, tá sé d'aidhm aige rannchuidiú le cothromaíocht airgeadais na scéime agus, chuige sin, áirítear sa phlean gealltanas chun tuilleadh méaduithe buana a chur chun feidhme le linn na tréimhse coigeartúcháin. Dá bhrí sin, cuirtear an t-athchóiriú i láthair freisin mar athchóiriú lena rannchuidítear le hinbhuanaitheacht fhoriomlán chóras na bpinsean i gcomhpháirt leis an mór-athchóiriú pinsean a rinneadh in 2023, arbh iad na príomhghnéithe a bhain leis an méadú ar an aois scoir dhlíthiúil agus an coinne leis an méadú ar an íostréimhse ranníocaíochta chun pinsean iomlán a fháil. agus tugtar gealltanas sa phlean tionchair an mhór-athchóirithe sin a chaomhnú i dtéarmaí inbhuanaitheachta. Foráiltear sa phlean go nglacfar an méadú 5 phointe céatadáin ar na ranníocaíochtaí le CNRCAL sna dlíthe a bhaineann leis an mbuiséad slándála sóisialta le haghaidh 2025 agus 2026, agus go gcuirfear chun feidhme é ina dhiaidh sin sa bhreis ar an méadú a achtaíodh cheana féin in 2024.

Athchóiriú ar na laghduithe ginearálta ar ranníocaíochtaí slándála sóisialta ar phá íseal i gcoibhneas leis an bpá íosta (SMIC). Is é is aidhm don athchóiriú, atá nua i gcomparáid leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta, simpliú agus cuichóiriú a dhéanamh ar na scéimeanna atá ann cheana chun an costas saothair a laghdú, agus é mar chuspóir aige sin an tsoghluaiseacht phá a dhreasú agus na rioscaí a bhaineann le sáinneacha pá ísil a laghdú, go príomha ar leibhéal an phá íosta. Go sonrach, is éard atá i gceist leis an athchóiriú cuar na laghduithe ginearálta a mhaolú, ionas go mbeidh sé níos céimlaghdaithí, agus díolúintí sonracha ó ranníocaíochtaí sláinte agus ó ranníocaíochtaí teaghlaigh a laghdú. Foráiltear sa phlean go nglacfar an t-athchóiriú sa dlí a bhaineann leis an mbuiséad slándála sóisialta le haghaidh 2025, rud a bheidh le formheas faoi mhí na Nollag 2024, agus go gcuirfear chun feidhme de réir a chéile é in dhá chéim, a bheidh le cur i gcrích faoi dheireadh 2025 agus faoi dheireadh 2026, faoi seach.

Athchóirithe faoin Dlí nua maidir leis an timpeallacht ghnó a shimpliú. Tá trí phríomhchuspóir ag an athchóiriú, atá nua i gcomparáid leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta: ualach na nósanna imeachta riaracháin ar ghnólachtaí a laghdú go mór, mar shampla trí nósanna imeachta údarúcháin áirithe a thiontú ina ndearbhú simplí nó trí rochtain cuideachtaí ar sholáthar poiblí a fheabhsú; athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaidreamh idir an riarachán agus gnólachtaí, go háirithe i gcás fiontair an-bheag, trína gcearta a ailíniú le cearta daoine féinfhostaithe; agus cuichóiriú a dhéanamh ar na caighdeáin atá ann cheana trí bhearta maolaitheacha chun tacú le tionscadail thionsclaíocha agus tionscadail aistrithe fuinnimh a bhunú. An dlí nua, a meastar go nglacfar é faoi dheireadh 2025, cuirfear chun feidhme é de réir a chéile le glacadh na bhforaitheanta cur chun feidhme agus le faireachán a dhéanamh orthu thar an tréimhse go dtí 2028.

Athchóirithe faoin Dlí maidir le tionsclaíocht ghlas. Le gealltanais nua faoin dlí, a glacadh in R4-2023, atá nua i gcomparáid leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta, déantar foráil maidir le cur chun feidhme agus faireachán tráthrialta ar thorthaí i gcaitheamh na tréimhse go dtí 2030 ina hiomláine. Baineann na príomhchuspóirí atá á saothrú le dlús a chur le forbairt teicneolaíochtaí glasa agus an tionsclaíocht a thabhairt i dtreo an dícharbónaithe. Tagraíonn aiseanna idirghabhála atá níos sonraí, ach leathan, do shuiteáil láithreán tionsclaíoch nua a éascú, coinníollacha maoiniúcháin thionscadal na tionsclaíochta glaise a fheabhsú, an soláthar poiblí a ghlasú, agus coinníollacht na tacaíochta poiblí do chuspóirí an aistrithe ghlais a neartú.

Athchóiriú ar cháin agus ar chaiteachas sóisialta. Is é is aidhm don athchóiriú, atá nua i gcomparáid leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta, cuichóiriú a dhéanamh ar chaiteachas cánach agus ar chaiteachas sóisialta trí na cinn is lú éifeachtúlacht a laghdú agus a bhaint. Cuirtear sprioc chainníochtúil charnach chun cinn le haghaidh na tréimhse 2025-2027 le haghaidh laghdú buan ar chaiteachas cánach agus ar chaiteachas sóisialta agus coigilteas ar chaiteachas poiblí (de bhreis ar an mbeart dar teideal 'athchóiriú ar na laghduithe ginearálta ar ranníocaíochtaí sóisialta i gcoibhneas leis an bpá íosta (SMIC)'). Cuirfear chun feidhme é thar an tréimhse choigeartúcháin ina hiomláine agus tabharfar le tuiscint leis go ndéanfar laghduithe ar chaiteachas cánach agus ar chaiteachas sóisialta a chomhtháthú go héifeachtach agus go tráthrialta sna dréachtbhuiséid bhliantúla, mar aon le tuarascálacha faireacháin bliantúla a fhoilsiú, ina léireofar an coigilteas bliantúil agus carnach arna shainaithint agus arna chur chun feidhme.

(29) I gcomhréir le hAirteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2024/1263, tá gach athchóiriú agus infheistíocht atá mar bhonn taca faoi shíneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin mionsonraithe, tús-ualaithe, faoi cheangal ama agus infhíoraithe go leordhóthanach.

(30) Gealltanais an phlean téarnaimh agus athléimneachta atá mar bhonn taca faoin síneadh, tá athchóirithe agus infheistíochtaí móra iontu atá dírithe ar fheabhas a chur ar an inbhuanaitheacht fhioscach agus ar acmhainneacht fáis an gheilleagair a fheabhsú. Ina theannta sin, tugann an Fhrainc gealltanas leanúint den iarracht tabhairt faoin athchóiriú le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an bplean struchtúrach fioscach meántéarmach agus na leibhéil infheistíochta a mhaoinítear go náisiúnta, a baineadh amach le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta, a choinneáil ar bun (féach thíos, Tábla 5). Déanfar faireachán ar na gealltanais le linn chur chun feidhme an phlean. Dá réir sin, is féidir gealltanais faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta a chur san áireamh maidir le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin dá bhforáiltear le hAirteagal 36(d) de Rialachán (AE) 2024/1263.

(31) Leis an tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoin síneadh, meastar go gcuirfear feabhas ar acmhainneacht fáis agus athléimneachta gheilleagar na Fraince ar bhealach inbhuanaithe mar a cheanglaítear le h Airteagal 14(2), pointe (a) de Rialachán (AE) 2024/1263. Ní thugtar meastachán i bplean na Fraince ar an tionchar foriomlán a mheastar a bheidh ag an tacar athchóirithe agus infheistíochtaí a chuirtear chun cinn. Tuairiscítear an tionchar sin, áfach, i gcás cuid de na hathchóirithe, bunaithe ar anailísí a rinneadh roimhe seo agus ar an litríocht atá ar fáil. I ndáil leis an méid sin, de réir an phlean, ba mhó ná 0,7 pointe céatadáin tionchar carntha roinnt de na hathchóirithe sin ar OTI faoi 2030, agus bheadh sé beagán níos mó san fhadtéarma. Go sonrach, meastar go dtiocfaidh méadú 0,5 pointe céatadáin ar OTI agus go gcruthófar níos mó ná 40 000 post san fhadtéarma mar gheall ar an athchóiriú ar árachas dífhostaíochta. Thairis sin, ar bhonn ionsamhlúcháin na samhla maicreacnamaíche 'QUEST-III R&D' arna forbairt ag an gCoimisiún, thiocfadh méadú 0,2 pointe céatadáin ar OTI i gceann 15 bliana agus 0,3 pointe céatadáin san fhadtéarma mar gheall ar chur chun feidhme an dlí maidir le clársceidealú taighde. I gcás athchóirithe eile, léirítear go bhfuil measúnú *ad hoc* ar siúl cheana féin nó go ndéanfar measúnú *ad hoc* le linn chur chun feidhme an phlean agus, ar an gcaoi sin, beidh sé ina thacú leis an tsraith táscairí a ghabhann leis. Meastar go mbeidh tionchar dearfach ag na hathchóirithe sin freisin ar ghníomhaíocht, ach ní dhearnadh an tionchar sin a chainníochtú go fóill. Ar an iomlán, ar bhonn na faisnéise a cuireadh ar fáil, is cosúil gur maith mar atá an straitéis eacnamaíoch atá mar bhonn taca faoin tsraith athchóirithe agus infheistíochtaí, lena n-áirítear gealltanais an phlean téarnaimh agus athléimneachta, agus glactar leis go dtugtar aghaidh léi ar laigí a sainaithníodh roimhe seo in acmhainneacht fáis agus athléimneachta na Fraince (e.g. i dtuarascálacha tíre). Go deimhin, baineann na príomhréimsí idirghabhála le margadh an tsaothair agus leis an dul chun cinn i dtreo na lánfhostaíochta; an gá le tacaíocht a thabhairt don ationsclú agus le neartú an iomaíochais; na dúshláin a bhaineann le haistriú fuinnimh glas cothrom agus rialachas an airgeadais phoiblí.

(32) Leis an tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoin síneadh, meastar go dtacófar leis an inbhuanaitheacht fhioscach mar a cheanglaítear le hAirteagal 14(2), pointe (b), de Rialachán (AE) 2024/1263. De réir na measteachán sa phlean, is éard a bheadh i gceist leis an tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoin síneadh tionchar díreach laghdaithe easnaimh de thart ar EUR 20 billiún in aghaidh na bliana (0,6 % de OTI) ó 2027 ar aghaidh, arb é is cúis leis sin go príomha tionchar buiséadach na n-athchóirithe ar scéim árachais dífhostaíochta 2021 agus an t-athchóiriú comhlántach a glacadh in 2023 lena modhnaítear fad na sochar dífhostaíochta, ag brath ar staid mhargadh an tsaothair, chun níos mó dreasachtaí a sholáthar chun filleadh ar an obair le linn tréimhsí fabhracha agus níos mó cosanta a thabhairt le linn céimeanna díobhálacha (0,1 % de OTI) agus athmhúnlú na laghduithe ar ranníocaíochtaí sóisialta i gcoibhneas leis an bpá íosta (0,2 % de OTI) agus an coigilteas buan ó athbhreithnithe caiteachais agus an laghdú ar cháin agus ar chaiteachas sóisialta (0,3 % de OTI). Dá réir sin, na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí arb é is aidhm dóibh an plean infheistíochta 'France 2030' a chur chun feidhme, na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí faoin dlí maidir le clársceidealú taighde, faoin dlí maidir le simpliú agus faoin dlí maidir le tionsclaíocht ghlas, meastar go mbeidh tionchar dearfach indíreach acu freisin ar an airgeadas poiblí trí ioncam cánach méadaithe, ós rud é go mbeidh tionchar dearfach ag na hathchóirithe sin ar fhostaíocht, ar infheistíocht agus ar fhás. Ar an iomlán, tugtar le tuiscint leis an tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoin síneadh go dtabharfar rannchuidiú measartha beag díreach le feabhsú inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí, cé go bhféadfadh an rannchuidiú sin a bheith beagán níos mó tar éis an rannchuidiú féideartha ó na hathbhreithnithe caiteachais atá beartaithe, ó chuíchóiriú an chaiteachais cánach agus ó éifeachtaí indíreacha a eascraíonn as OTI níos airde agus as ráta fostaíochta níos airde san fhadtéarma a ríomh.

(33) Leis an tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoin síneadh, rannchuidítear le tosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais mar a cheanglaítear le hAirteagal 14(2), pointe (c) de Rialachán (AE) 2024/1263. Go sonrach, thabharfaí aghaidh ar an athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch, lena n-áirítear Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, trí athchóirithe a dhéanamh ar an scéim árachais dífhostaíochta, trí ranníocaíochtaí méadaithe a dhéanamh le scéim scoir na n-oifigeach áitiúil agus ospidéil, mar aon le hathchóiriú pinsin 2023 a chaomhnú, trí athchóiriú a dhéanamh ar na laghduithe ginearálta ar ranníocaíochtaí sóisialta ar phá íseal i gcoibhneas leis an bpá íosta agus tríd an dlí maidir leis an timpeallacht ghnó a shimpliú. Thabharfaí aghaidh ar na tosaíochtaí a bhaineann le haistriú cothrom, glas agus digiteach agus le slándáil fuinnimh a áirithiú le hathchóirithe agus infheistíochtaí faoin bplean infheistíochta 'France 2030', leis an dlí maidir le clársceidealú taighde, leis an dlí maidir le tionsclaíocht ghlas, agus leis an dlí maidir le dlús a chur le táirgeadh fuinnimh in-athnuaite.

(34) Leis an tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoin síneadh, tugtar aghaidh ar na moltaí tírshonracha ábhartha ([11]) arna n-eisiúint mar chuid den Seimeastar Eorpach mar a cheanglaítear le hAirteagal 14(2), pointe (d), de Rialachán (AE) 2024/1263. Go sonrach, baineann athchóirithe agus bearta i réimse an chreata bhuiséadaigh agus an rialachais fhioscaigh, na gcóras pinsean agus an aosaithe ghníomhaigh leis na moltaí tírshonracha struchtúracha fioscacha in 2019, 2021, 2022 agus 2024 inar iarradh ar an bhFrainc caiteachas cánach a spriocdhíriú ar bhealach níos fearr, leanúint d'iarrachtaí cáilíocht na mbeart buiséadach a fheabhsú, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí spriocanna cainníochtúla a bhunú le haghaidh coigilteas caiteachais, coigilteas caiteachais agus gnóthachain éifeachtúlachta a bhaint amach ar fud fho-earnálacha uile an rialtais, athchóiriú a dhéanamh ar chóras na bpinsean agus, an tráth céanna, bonn taca a chur faoina inbhuanaitheacht agus creatdálaí a fheabhsú a thuilleadh

([11]) Is moltaí iad na moltaí tírshonracha a mheastar a bheith 'ábhartha': (i) arna nglacadh ag an gComhairle ó 2019 ar aghaidh, (ii) nach bhfuil dul chun cinn 'iomlán' nó 'substaintiúil' déanta ag an mBallstát go fóill maidir le haghaidh a thabhairt orthu agus nach bhfuil as dáta (arna measúnú mar 'Gan Measúnú / Gan Ionchur le Cur Isteach'), mar a measadh sa chleachtadh faireachais is déanaí ar an Seimeastar Eorpach (atá ar fáil in CeSaR (europa.eu)), (iii) nach bhfuil nasctha le CCF fioscach amháin agus (iv) nach gcumhdaítear leo an dúshlán céanna ach ar bhealach athshonraithe.

chun infheistíocht agus nuálaíocht a éascú. Baineann athchóirithe agus bearta eile i réimsí an aistrithe ghlais, an fháis chliste inbhuanaithe chuimsithigh, agus an chomhtháthaithe shóisialta agus chríochaigh le moltaí tírshonracha ábhartha in 2019, 2020, 2021, 2022, 2023, agus 2024, inar iarradh feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó, déine T&F in earnáil an ghnó a chothú, dlús a chur le cur chun úsáide fuinnimh in-athnuaite agus an spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú.

(35) Áirithítear leis an bplean go gcoinneofar ar bun leibhéal foriomlán beartaithe na hinfheistíochta poiblí a mhaoinítear go náisiúnta arna réadú ar an meán i gcaitheamh na tréimhse a chumhdaítear leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta, mar a cheanglaítear le hAirteagal 14(4) de Rialachán (AE) 2024/1263.

Tábla 5: Infheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta sa phlean (% de OTI)

Meánleibhéal i gcaitheamh na tréimhse a chumhdaítear leis an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta (2021 go 2026) ([1])	2025	2026	2027	2028	2029	An meán i gcaitheamh thréimhse an phlean
3,9	3,9	4,0	3,9	3,8	3,7	3,9

([1]) Toimhdítear agus glactar leis go mbeidh forluí idir an dá thréimhse. Tá sé beartaithe go mbeidh feidhm ag an gceanglas chun leibhéal na hinfheistíochta a choinneáil ar bun maidir leis na blianta tar éis dheireadh shaolré na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta.

Foinse: Plean struchtúrach fioscach meántéarmach na Fraince.

(36) Ar deireadh, maidir leis an tacar gealltanas um athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoi shíneadh, is féidir a mheas go bhfuil siad comhsheasmhach leis na gealltanais sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta agus sa Chomhaontú Comhpháirtíochta a comhaontaíodh faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil mar a cheanglaítear le h Airteagal 14(4), pointe (d) de Rialachán (AE) 2024/1263. Is é sin, i gcomhréir leis na ceanglais, meastar go bhfeidhmeoidh gach gealltanas i leanúnachas agus i gcomhlántacht leis an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta nó le Comhaontú Comhpháirtíochta na Fraince, agus go bhfreagrófar leo ar na Moltaí Tírshonracha, agus ar thosaíocht chomhchoiteann amháin nó níos mó de chuid an Aontais.

(37) Mar chonclúid, maidir leis an tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoi shíneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin, meastar go gcomhlíonann siad na critéir in Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2024/1263, nuair a chuirtear le chéile iad. Mar thoradh air sin, is féidir síneadh ó 4 bliana go 7 mbliana a chur leis an tréimhse choigeartúcháin, mar a chuirtear chun tosaigh sa phlean.

Athchóirithe eile agus rúin infheistíochta sa phlean a fhreagraíonn ar na príomhdhúshláin arna sainaithint i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus lena dtugtar aghaidh ar thosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais

(38) Cé is moite den tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoi shíneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin, déantar cur síos sa phlean ar rúin bheartais a bhaineann le hathchóirithe agus infheistíochtaí chun freagairt ar na príomhdhúshláin arna sainaithint i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, go háirithe na moltaí tírshonracha, agus chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais. Áirítear 28 gcinn d'athchóirithe agus infheistíochtaí sa phlean, agus faigheann 7 gcinn díobh tacaíocht airgeadais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

(39) Maidir leis an tosaíocht chomhchoiteann a bhaineann le haistriú cóir glas agus digiteach, lena n-áirítear na cuspóirí aeráide a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1119, cuimsítear leis an bplean roinnt beart. Baineann siad sin le hearnáil an iompair, mar aon le dul i ngleic leis an gcosc ar thruailliú, le forbairt an iompair phoiblí (faoin bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta), glasú chalafoirt na Fraince (faoin bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta), an plean siúil agus rothaíochta, agus tacaíocht chun feithiclí éadroma íseal-astaíochtaí a cheannach agus a fháil ar léas. Dírítear sa phlean freisin ar thionscadail nuálaíochta le haghaidh an aistrithe ghlais (faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta) i gcomhthéacs an cheathrú chlár infheistíochta atá dírithe ar an todhchaí ('Programme d'Investissements d'Avenir', PIA4). Maidir le moltaí tírshonracha in 2022 agus 2023 lena gcumhdaítear éifeachtúlacht fuinnimh, áirítear sa phlean bearta mar shampla an ráta CBL ar choirí gáis a ailíniú agus foirgnimh ospidéil a athchóiriú agus a nuachóiriú. Cuireann na bearta sa phlean a bhaineann le tosaíocht an aistrithe dhigitigh leis na cuspóirí a leagtar amach faoin gclár beartais don Deacáid Dhigiteach maidir le bonneagar nascachta agus digiteáil seirbhísí poiblí. Baineann samplaí de bhearta sa phlean leis an bplean um leathanbhanda ardluais, a mheastar a rachaidh chun tairbhe do dhigitiú gheilleagar na Fraince chomh maith le bearta maidir leis an spás, an tsláinte dhigiteach agus maidir le nuachóiriú agus digitiú na hoiliúna gairmiúla.

(40) Maidir leis an tosaíocht choiteann a bhaineann le hathléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch, lena n-áirítear Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, cuimsítear leis an bplean roinnt athchóirithe agus infheistíochtaí. I ndáil le moltaí tírshonracha in 2019, 2022 agus 2023 maidir le scileanna, gairmoideachas agus gairmoiliúint agus foghlaim aosach, agus i ndáil le moltaí tírshonracha in 2019 agus 2020 maidir le beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair, dreasachtaí chun oibre agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, baineann bearta ábhartha leis an méid seo a leanas: seirbhís Luath-Óige phoiblí a chruthú ar an leibhéal áitiúil, chun tacú le tuismitheoirí, go háirithe mná, agus teaghlaigh ar ioncam íseal a dhul isteach i margadh an tsaothair agus fanacht ann, athchóiriú ar sheirbhísí fostaíochta poiblí agus tacaíocht fheabhsaithe d'fhaighteoirí an Ioncaim Dlúthpháirtíochta Ghníomhaigh (RSA) agus do ghnólachtaí, an tacaíocht do dhaoine óga gan fostaíocht ná oiliúint i dtreo lánpháirtiú gairmiúil marthanach, cur chun úsáide chomhpháirt oiliúna an phlean infheistíochta 'France 2030', an Plean um Infheistíocht i Scileanna (PIC) arb é is aidhm dó feabhas a chur ar infhostaitheacht na ndaoine is faide ó mhargadh an tsaothair, an clár tacaíochta printíseachta, agus athchóiriú na ngairm-ardscoileanna. I ndáil le moltaí tírshonracha in 2022, 2023 agus 2024 maidir leis an oideachas, is é is aidhm do bhearta breise feabhas a chur ar bhunscileanna sa mheánscoil agus gairm na múinteoireachta a chur chun cinn agus a fheabhsú, go háirithe trí oiliúint tosaigh agus leanúnach a neartú. Ina theannta sin, áirítear sa phlean bearta beartais eile chun feabhas a chur ar an rochtain ar sholáthar cúraim sláinte agus ar éifeachtúlacht an tsoláthair sin, athchóiriú agus oiriúnú saoráidí cúraim do dhaoine spleácha scothaosta, mar aon le bearta atá dírithe ar chosc a neartú agus an intleacht shaorga a chur chun úsáide chun feabhas a chur ar an diagnóis leighis agus ar an oideasú i seirbhísí cúraim sláinte.

(41) A mhéid a bhaineann le tosaíocht chomhchoiteann na slándála fuinnimh, áirítear sa phlean roinnt beart, mar shampla imoibreoirí beaga núicléacha (SMRanna) a fhorbairt agus athchóiriú a dhéanamh ar shaoráidí núicléacha atá ann cheana. I ndáil le moltaí tírshonracha in 2019, 2020, 2022 agus 2023 lena gcumhdaítear fuinneamh in-athnuaite, bonneagar fuinnimh agus líonraí, áirítear sa phlean bearta mar shampla an dara hidirnasc leictreach idir Savoie (an Fhrainc) agus Piemonte (an Iodáil), agus cur chun feidhme an phlean maidir le measarthacht an tomhaltais fuinnimh.

(42) A mhéid a bhaineann le tosaíocht chomhchoiteann na gcumas cosanta, áirítear sa phlean an Dlí maidir le Clársceidealú Míleata ina leagtar amach cuspóirí an bheartais cosanta agus clársceidealú airgeadais an bheartais le haghaidh na mblianta 2024-2030, chun na cumais chosanta a neartú i gcomhthéacs geopholaitiúil ina bhfuil an teannas ag dul i méid, lena n-áirítear an cogadh san Úcráin. Tá sé beartaithe leis an mbeart go ndéanfar infheistíocht i dtionscal na cosanta agus go mbeidh nuálaíocht shuaiteach ann i réimse na cosanta.

(43) Cuirtear faisnéis ar fáil sa phlean maidir leis an gcomhsheasmhacht agus, i gcás inarb iomchuí, comhlántacht, le cistí an bheartais comhtháthaithe agus le plean téarnaimh agus athléimneachta na Fraince. Cuirtear i dtábhacht sa phlean, chun aon riosca a bhaineann le cistiú dúbailte agus tearcúsáid cistí a sheachaint, go bhfuil gá le dlúth-chomhordú chun na cistí sin a chur chun feidhme sa Fhrainc. De réir an phlean, na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí nach mbaineann leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta a áirítear sa phlean, ní bearta iad a mhaoinítear go náisiúnta nach mbaineann cómhaoiniú Eorpach leo. Glacadh cuid de na bearta a áirítear sa phlean chun leanúint de na bearta a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta. Thairis sin, mínítear sa phlean an chaoi a leantar de na gníomhaíochtaí a glacadh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta agus an chaoi a leathnaítear na gníomhaíochtaí sin i gcás roinnt de na bearta sin (i gcás na n-athchóirithe ar árachas dífhostaíochta, ar sheirbhísí fostaíochta poiblí agus ar an tionsclaíocht ghlas).

(44) Is é is aidhm don phlean rannchuidiú chun riachtanais infheistíochta poiblí na Fraince a bhaineann le tosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais a chomhlíonadh.

I ndáil le haistriú digiteach cothrom, luaitear sa phlean gur gá leanúint de dhigiteáil gheilleagar na Fraince agus an infheistíocht i T&F a mhéadú, ag féachaint ar chomparáidí idirnáisiúnta. Mar shampla, d'ainneoin feabhsuithe spreagúla a rinneadh le déanaí, tá gá le hiarrachtaí chun tacú le cuideachtaí na Fraince a thuilleadh teicneolaíochtaí nua faisnéise agus cumarsáide agus uirlisí digiteacha bunúsacha a ghlacadh, go háirithe FBManna, chun a dtáirgiúlacht a neartú. I measc tosaíochtaí eile, ní mór cuideachtaí a dhreasú chun níos mó infheistíochta a dhéanamh chun a bheith níos iomaíche, go háirithe i bpríomhearnálacha an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh.

Maidir le haistriú glas cóir agus maidir le slándáil fuinnimh a áirithiú, déantar tagairt sa phlean do na riachtanais bhliantúla infheistíochta mheasta chun na spriocanna náisiúnta dícharbónaithe a bhaint amach faoi 2030 agus do na luamháin bheartais eacnamaíoch chun an iarracht bhreise sin ó ghníomhaithe poiblí agus príobháideacha araon a spreagadh agus chun tacú léi mar a leagtar amach i straitéis mhaoinithe ilbhliantúil na Fraince le haghaidh an aistrithe ghlais agus bheartas fuinnimh na Fraince (SPAFTE), a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2024.

I ndáil leis an athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch, lena n-áirítear Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, déantar tagairt sa phlean don phríomhchuspóir lánfhostaíocht a bhaint amach agus do na hinfheistíochtaí atá beartaithe chuige sin i bhfabhar beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair agus i dtreo rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a mhéadú agus, an tráth céanna, tacú le fostaíocht na hóige agus na mban agus cuimsiú na n-oibrithe uile. Baineann réimse eile idirghabhála a léirítear le scileanna agus oideachas a neartú, lena n-áirítear é sin

a dhéanamh ar an leibhéal áitiúil, chun na riachtanais a bheidh ag geilleagar na Fraince amach anseo a réamh-mheas agus chun tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, chomh maith leis an nuálaíocht in earnálacha straitéiseacha.

Maidir le cumais chosanta a fhorbairt, tagraítear sa phlean don ghá atá le ceannasacht na Fraince a neartú i gcomhthéacs geopholaitiúil ina bhfuil an teannas ag dul i méid agus don ghá atá le tacú leis na cuspóirí a leagtar amach i gClár Oibre Straitéiseach 2024-2029, a ghlac an Chomhairle an 27 Meitheamh 2024, mar atá, ullmhacht agus acmhainneacht an Aontais maidir le cosaint a neartú, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí chaiteachas méadaithe ar chosaint.

Conclúid an mheasúnaithe ón gCoimisiún

(45) Ar an iomlán, tá an Coimisiún den tuairim go gcomhlíonann plean na Fraince, arna chomhlánú le litir na n-údarás an 16 Eanáir 2025, ceanglais Rialachán (AE) 2024/1263.

CONCLÚID FHORIOMLÁN ÓN gCOMHAIRLE

(46) Is díol sásaimh don Chomhairle plean struchtúrach fioscach meántéarmach na Fraince agus measann sí go gcabhródh a chur chun feidhme iomlán le hairgeadas poiblí fónta a áirithiú agus le tacú le hinbhuanaitheacht an fhiachais phoiblí chomh maith le fás inbhuanaithe cuimsitheach.

(47) Tugann an Chomhairle dá haire an measúnú ón gCoimisiún ar an bplean. Mar sin féin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún a mheasúnú ar phleananna amach anseo a chur i láthair i ndoiciméad ar leithligh ó na moltaí ón gCoimisiún le haghaidh moltaí ón gComhairle.

(48) Tugann an Chomhairle dá haire an measúnú ón gCoimisiún ar an gconair ghlanchaiteachais agus na príomhthoimhdí maicreacnamaíocha sa phlean, lena n-áirítear i ndáil leis an treoir arna tabhairt roimh ré ag an gCoimisiún, chomh maith leis na himpleachtaí a bhaineann le conair ghlanchaiteachais an phlean d'easnamh agus fiachas rialtais. Tugann an Chomhairle dá haire an measúnú ón gCoimisiún go bhfuil údar cuí ar an iomlán leis na toimhdí maicreacnamaíocha agus fioscacha, cé go bhfuil siad éagsúil i gcásanna áirithe le toimhdí an Choimisiúin, lena n-áirítear chun freastal ar shonraí maicreacnamaíocha agus fioscacha nuashonraithe, agus go bhfuil argóintí eacnamaíocha fónta mar bhonn taca leo. Tugann an Chomhairle dá haire straitéis fhioscach leathan an phlean agus na rioscaí don ionchas, a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do theacht chun cinn an cháis mhaicreacnamaíoch agus do na toimhdí bunúsacha agus do sheachadadh chonair ghlanchaiteachais an phlean. Go háirithe, is díol sásaimh don Chomhairle freisin go ndeachthas i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha sular tíolacadh an plean cé nár tuairiscíodh é sin sa phlean. Tugann an Chomhairle dá haire freisin go bhféadfadh rioscaí geopholaitiúla brú a chur ar chaiteachas cosanta.

(49) Tá an Chomhairle ag súil go mbeidh an Fhrainc réidh chun a straitéis fhioscach a choigeartú de réir mar is gá chun a conair ghlanchaiteachais a áirithiú. Tá rún daingean ag an gComhairle dlúthfhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí eacnamaíocha agus fioscacha, lena n-áirítear iad siúd is bonn le cás an phlean.

(50) Measann an Chomhairle go bhfuil gá le tuilleadh plé chun teacht ar chomhthuiscint maidir leis na himpleachtaí bliantúla faireachais a bhaineann leis na rátaí fáis carnacha glanchaiteachais in am don chéad bhabhta eile den fhaireachas fioscach.

(51) Formhuiníonn an Chomhairle na gealltanais athchóirithe agus infheistíochta a thíolaic an Fhrainc ina plean meántéarmach atá mar bhonn taca faoi shíneadh na tréimhse coigeartúcháin agus is díol sásaimh di na hiarrachtaí chun an tionchar ar an bhfás agus ar an inbhuanaitheacht fhioscach a chainníochtú. Aontaíonn an Chomhairle leis an gCoimisiún go dtugann na gealltanais athchóirithe agus infheistíochta a thíolaic an Fhrainc údar le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin ó 4 bliana go 7 mbliana. Tugann an Chomhairle dá haire measúnú an Choimisiúin ina léirítear go gcomhlíontar na critéir in Airteagal 14 nuair a chuirtear le chéile iad, agus foráil idirthréimhseach Airteagal 36 (1d) de Rialachán (AE) 2024/1263 á cur san áireamh freisin leis an tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoin síneadh. Tugann an Chomhairle dá haire an measúnú ón gCoimisiún ina léirítear go meastar go gcuirfidh na gealltanais athchóirithe agus infheistíochta feabhas ar acmhainneacht fáis agus ar athléimneacht an gheilleagair ar bhealach inbhuanaithe agus go dtacóidh siad leis an inbhuanaitheacht fhioscach. Molann an Chomhairle don Fhrainc an tacar athchóirithe agus gealltanas infheistíochta a chur chun feidhme ina iomláine chun síneadh na tréimhse coigeartúcháin a chaomhnú.

(52) Tugann an Chomhairle dá haire an tuairisc ón gCoimisiún ar na riachtanais agus na rúin athchóirithe agus infheistíochta, chomh maith leis an measúnú ar an tacar athchóirithe agus gealltanas infheistíochta atá mar bhonn taca faoi shíneadh na tréimhse coigeartúcháin, a fhreagraíonn ar na príomhdhúshláin arna sainaithint i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, agus cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé a áirithiú go gcuirfear na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin i gcrích. Déanfaidh an Chomhairle, ar bhonn tuarascálacha a thíolacfaidh an Coimisiún, measúnú ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin agus déanfaidh sí faireachán ar a gcur chun feidhme faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh.

(53) Tá an Chomhairle ag tnúth leis na tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn ón bhFrainc ina mbeidh, go háirithe, faisnéis faoin dul chun cinn i gcur chun feidhme na conaire glanchaiteachais mar a leag an Chomhairle síos í, agus faoi chur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí níos leithne i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, chomh maith le cur chun feidhme an tacair athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin.

(54) I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1263, ba cheart don Chomhairle an chonair ghlanchaiteachais, mar a leagtar amach sa phlean, a mholadh don Fhrainc, agus ba cheart an tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoi shíneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin go 7 mbliana a fhormhuiniú.

AG MOLADH LEIS SEO go ndéanfadh an Fhrainc mar a leanas:

1. a áirithiú nach sáróidh an fás glanchaiteachais na huasmhéideanna a bhunaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Moladh seo.

2. An tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoi shíneadh a chur leis an tréimhse coigeartúcháin fhioscaigh go dtí 7 mbliana a chur chun feidhme, mar a bhunaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Moladh seo, faoi na sprioc-amanna a léirítear.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Eanáir 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

A. DOMAŃSKI

IARSCRÍBHINN I

Uasrátaí fáis glanchaiteachais
(rátaí fáis bliantúla agus carnacha, i dtéarmaí ainmniúla)

an Fhrainc

Blianta		2025	2026	2027	2028	2029
Rátaí fáis (%)	Bliantúil	0,8	1,2	1,2	1,2	1,1
	Carnacha (*)	4,6	5,8	7,1	8,4	9,5

(*) Ríomhtar na rátaí fáis carnacha faoi threoir na bonnbhliana 2023. Úsáidtear na rátaí fáis carnacha san fhaireachán bliantúil ar chomhlíonadh *ex post* sa chuntas rialaithe.

IARSCRÍBHINN II

Tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoi shíneadh 7 mbliana a chur leis an tréimhse choigeartúcháin

an Fhrainc

	Príomhchuspóir	Tuairisc agus uainiú na bpríomhchéimeanna ([1])	Táscairí faireacháin
Athchóiriú ar an árachas dífhostaíochta chun na dreasachtaí le haghaidh fostaíocht chobhsaí a neartú (Athchóiriú C8.R4 atá ann cheana sa phlean téarnaimh agus athléimneachta)	Is é is aidhm don athchóiriú na dreasachtaí le haghaidh fostaíocht chobhsaí a neartú, teorainn a chur le malartú conarthaí gearra le tréimhsí dífhostaíochta agus caiteachas a bhaineann le dífhostaíocht a laghdú.	Céim 1: Teacht i bhfeidhm na bhforálacha nua maidir le hárachas dífhostaíochta. Céim 2: Meastóireacht ar athchóirithe roimhe seo agus ar athchóirithe comhlántacha faoi dheireadh 2027, lena léirítear an tionchar ar phoist, ar ghníomhaíocht eacnamaíoch agus ar choigilteas buiséadach ar chaiteachas a bhaineann le dífhostaíocht.	Céim 1: Garspriocanna ábhartha an phlean téarnaimh agus athléimneachta a chomhlíonadh go sásúil, le teacht i bhfeidhm na bhforálacha nua maidir le hárachas dífhostaíochta Céim 2: Foilsiú na tuarascála meastóireachta
An dlí maidir le clársceidealú taighde (Beart C6.R1 atá ann cheana sa phlean téarnaimh agus athléimneachta)	T&F poiblí agus príobháideach a chothú mar aon le feabhas a chur ar an gcaoi a gcuireann gnólachtaí torthaí i bhfeidhm i gcaitheamh na tréimhse cur chun feidhme 2021-2030.	Faoi R3 2025: Méadú EUR 1,8 billiún ar dhearlaicí T&F i gcomparáid le 2020.	Comhlíonadh sásúil sprioc 6-3 ábhartha an phlean téarnaimh agus athléimneachta.

	Príomhchuspóir	Tuairisc agus uainiú na bpríomhchéimeanna ([1])	Táscairí faireacháin
Cur chun feidhme an dlí maidir le dlús a chur le táirgeadh fuinnimh in-athnuaite (Beart C10.R1 sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta atá ann cheana)	Astaíochtaí CO2 a laghdú, iomaíochas a chaomhnú agus tacú le slándáil agus neamhspleáchas fuinnimh náisiúnta	Céim 1: Faoi R1 2023, an dlí a ghlacadh an 10 Márta 2023 Céim 2: Mí Iúil 2024: An chéad Tionól de pháirtithe leasmhara agus tiomsú tuarascálacha atá ann cheana. Céim 3: Fómhar 2024, foilsiú an chinnidh maidir leis an bpleanáil mhuirí agus leis an ngaoth amach ón gcósta ag leanúint den díospóireacht phoiblí arna heagrú i gcomhréir leis an dlí. Céim 4: Mí Eanáir 2025, seoladh an tsuímh idirlín agus athbhreithniú córasach ar thionchair an fhuinnimh in-athnuaite ar an mbithéagsúlacht. Céim 5: Iúil 2025, an dara Tionól de pháirtithe leasmhara, foilsiú na chéad tuarascálacha measúnachta.	Comhlíonadh sásúil gharsprioc ábhartha an phlean téarnaimh agus athléimneachta agus na ngealltanas a eascraíonn aisti.
An plean infheistíochta ‘France 2030’ (Rud a chuireann le hathchóiriú C6.I2 C6.I3 sa phlean téarnaimh agus athléimneachta)	Plean infheistíochta, lena n-áirítear infheistíochtaí faoi chlár infheistíochta PIA4; Is é is aidhm don phlean foriomlán T&N agus infheistíocht ghnó úrscothach i gcúram sláinte, i bhfuinneamh agus san aerloingseoireacht a chothú trí EUR 54 bhilliún a shlógadh idir 2022 agus 2026. Gealladh EUR 30 billiún cheana féin faoi mhí na Bealtaine 2024.	Céim 1: Faoi R4 2024 le haghaidh cinntí maoiniúcháin atá nasctha le tionscadail a mhaoinítear faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta. Céim 2: Faoi R4 2025: Tuarascáil mheasúnachta *ex ante* ar thionchair mhaicreacnamaíocha an phlean fhoriomláin faoi dheireadh 2025. Céim 3: Faoi R4 2026, imchlúdach iomlán an phlean a ghealladh.	Céim 1: Conarthaí a dhámhachtain trí chinntí maoinithe an Phríomh-Aire. Céim 2: Foilsiú na tuarascála measúnachta *ex-ante*. Céim 3: Foilsiú na tuarascála ar an bPlean Infheistíochta ‘France 2030’ agus a thionchar ar T&N agus infheistíocht ghnó úrscothach i gcúram sláinte, i bhfuinneamh agus san aerloingseoireacht.

ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/659/oj

	Príomhchuspóir	Tuairisc agus uainiú na bpríomhchéimeanna [1]	Táscairí faireacháin
Meastóireacht ar cháilíocht an chaiteachais phoiblí trí athbhreithnithe treisithe ar chaiteachas (Rud a chuireann le hathchóiriú C7.R5 sa phlean téarnaimh agus athléimneachta)	Athbhreithnithe caiteachais bliantúla a threisiú ar fud fho-earnálacha uile an rialtais ghinearálta i gcaitheamh na tréimhse 2025-2027.	Faoi R2 2025, R2 2026. R2 2027, R2 2028, R2 2029: Athbhreithnithe caiteachais bliantúla a dhéanamh. Faoi R23 2025, R3 2026. R3 2027, R3 2028, R3 2029, faoi seach: Comhtháthú éifeachtach thorthaí na n-athbhreithnithe caiteachais sa dréachtbhuiséad bliantúil. Faoi R23 2025, R3 2026. R3 2027, R3 2028, R3 2029, faoi seach: Foilsiú tuarascála faireacháin bliantúla, ina dtuairiscítear coigilteas buan bliantúil caiteachais. Tá 3 eilimint sa tuarascáil seo le haghaidh gach bliain T: 1. Coigilteas caiteachais féideartha a sainaithníodh le cur san áireamh in ullmhú an dréachtbhuiséid le haghaidh na bliana T+1. 2. Na bearta a rinneadh iarbhír sa bhuiséad le haghaidh na bliana T a eascraíonn as na hathbhreithnithe caiteachais a rinneadh sna blianta roimhe sin. 3. Measúnú ar thoradh na mbeart a rinneadh i mbuiséad T-1 a eascraíonn as athbhreithnithe caiteachais. Ní fhéadfadh ach eilimintí 1 agus 2 a bheith sa chéad tuarascáil, a bheidh le cur ar fáil faoi R3-2025. Ba cheart eilimintí 1, 2 agus 3 a bheith sa dara tuarascáil agus sna tuarascálacha ina dhiaidh sin, a bheidh le cur ar fáil faoi R3 2026, mar aon leis an measúnú ar an gcoigilteas carnach a baineadh amach ó 2025.	Foilsiú na dtuarascálacha faireacháin bliantúla ina léirítear gur baineadh amach an sprioc charnach EUR 8 mbilliún de choigilteas buan (bunaithe ar choigilteas caiteachais phoiblí agus laghdú ar chaiteachas cánach agus ar chaiteachas sóisialta araon, agus sa bhreis ar an mbeart dar teideal ‘athchóiriú ar na laghduithe ginearálta ar ranníocaíochtaí sóisialta i gcoibhneas leis an bpá íosta (SMIC)’) i gcaitheamh na tréimhse 2025-2027

	Príomhchuspóir	Tuairisc agus uainiú na bpríomhchéimeanna ([1])	Táscairí faireacháin
Athchóiriú ar rialacha na scéime sochair dífhostaíochta i gcaitheamh na 3 bliana atá amach romhainn, go háirithe na rialacha maidir le hoibrithe sinsearacha agus, an tráth céanna, tionchar buiséadach dearfach athchóirithe 2019 agus 2023 a threisiú (beart nua)	Rialacha na scéime sochair dífhostaíochta a athshainiú le haghaidh na 3 bliana atá amach romhainn chun athchóirithe 2019 agus 2023 a chomhlánú agus, an tráth céanna, coigilteas buiséadach a bhaint amach. D'eascródh sé sin as an gcaibidlíocht a mhol an rialtas do chomhpháirtithe sóisialta agus bheadh sé dírithe ar fhostaíocht shinsearach agus ar an scéim sochair fhoriomlán.	Céim 1: Faoi R2 2025: Teacht i bhfeidhm na rialacha nua a eascraíonn as an gcaibidlíocht i measc na gcomhpháirtithe sóisialta. Céim 2: Faoi R4 2027, foilsiú tuarascála meastóireachta ar athchóirithe roimhe seo agus ar athchóirithe comhlántacha, ina léirítear freisin an coigilteas buan breise EUR 400 milliún a eascraíonn as an athchóiriú nua a gheall an rialtas.	Céim 1: Teacht i bhfeidhm an ghnímh reachtaigh Céim 2: Foilsiú na tuarascála meastóireachta

ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/659/oj

	Príomhchuspóir	Tuairisc agus uainiú na bpríomhchéimeanna ([1])	Táscairí faireacháin
Inbhuanaitheacht airgeadais chóras na bpinsean a neartú trí ranníocaíochtaí fostóirí le Ciste Pinsin Náisiúnta fhoireann na n-údarás áitiúil (CNRACL) agus, an tráth céanna, tionchar athchóiriú pinsean 2023 ar inbhuanaitheacht airgeadais chóras na bpinsean a chaomhnú, agus ar an gcaoi sin a áirithiú go dtiocfaidh laghdú ar ollchaiteachas pinsin i gcaitheamh na tréimhse 2026-2040, glan ar bhearta ioncaim a glacadh ón 1 Eanáir 2024, i leith an ollchaiteachais pinsin mar atá i dTuarascáil 2024 maidir leis an Aosú (beart nua).	Sa bhreis ar an méadú 1 phointe céatadáin a achtaíodh cheana in 2024, méadú 5 phointe a dhéanamh ar ranníocaíochtaí fostóirí le CNRACL (scéim slándála sóisialta speisialta le haghaidh státseirbhísigh áitiúla agus ospidéil) chun cur le cothromaíocht airgeadais na scéime speisialta sin agus, an tráth céanna, tionchar athchóiriú pinsean 2023 ar inbhuanaitheacht chóras na bpinsean a chaomhnú.	Céim 1: Faoi R4 2025: Tháinig cur chun feidhme an mhéadaithe 3 phointe céatadáin ar a laghad (lena n-áirítear an méadú 1 phointe céatadáin a achtaíodh cheana féin in 2024) i bhfeidhm ar ranníocaíochtaí fostóirí CNRACL. Céim 2: Faoi R4 2026: Tháinig cur chun feidhme an mhéadaithe ar ranníocaíochtaí fostóirí CNRACL chun an sprioc fhoriomlán de 6 phointe céatadáin a bhaint amach, i bhfeidhm, lena n-áirítear an méadú 1 phointe céatadáin a achtaíodh cheana féin in 2024. Céim 3: Faoi R4 2027, foilsiú tuarascála meastóireachta ina léirítear (i) gur rannchuidigh an méadú ar ranníocaíochtaí fostóirí le CNRACL le cothromaíocht airgeadais na scéime speisialta, agus (ii) lena ndearbhaítear gur neartaíodh inbhuanaitheacht airgeadais chóras na bpinsean leis an mbeart sin agus gur caomhnaíodh tionchar athchóiriú pinsean 2023 ar inbhuanaitheacht airgeadais chóras na bpinsean. Leis an tuarascáil mheastóireachta, soláthrófar nuashonrú ar na réamh-mheastacháin ar chaiteachas pinsin ó Thuarascáil 2024 maidir leis an Aosú, agus na toimhdí maicreacnamaíocha céanna á n-úsáid. Ba cheart a léiriú sa tuarascáil gur tháinig laghdú ar ollchaiteachas pinsin i gcaitheamh na tréimhse 2026-2040, glan ar bhearta ioncaim, lena n-áirítear ranníocaíochtaí slándála sóisialta, a glacadh ón 1 Eanáir 2024, i leith an ollchaiteachais pinsin mar atá i dTuarascáil 2024 maidir leis an Aosú.	Céim 1: Teacht i bhfeidhm na bhforálacha lena méadaítear ranníocaíochtaí na bhfostóirí sa dlí maidir le buiséad slándála sóisialta 2025. Céim 2: Teacht i bhfeidhm na bhforálacha lena méadaítear ranníocaíochtaí na bhfostóirí sa dlí maidir le buiséad slándála sóisialta 2026. Céim 3: Foilsiú na tuarascála meastóireachta
Athchóiriú ar na laghduithe ginearálta ar ranníocaíochtaí sóisialta i gcoibhneas leis an bpá íosta (SMIC) (beart nua).	Is é is aidhm don athchóiriú sáinn pá ísil a sheachaint, trí na dreasachtaí lena laghdaítear costais saothair thart ar an bpá íosta (SMIC) a shimpliú agus a chuíchóiriú. Bhainfí é sin amach trí dhíolúintí sonracha ó ranníocaíochtaí sláinte agus teaghlaigh a laghdú.	Céim 1: Faoi R1 2025, cur chun feidhme na chéad chéime lena n-áirítear an laghdú ar na díolúintí ó ranníocaíochtaí sláinte agus teaghlaigh as a dtiocfaidh coigilteas EUR 2,5 billiún. Céim 2: Faoi R1 2026, cur chun feidhme an dara céim lena n-áirítear an laghdú ar na díolúintí ó ranníocaíochtaí sláinte agus teaghlaigh a shaothrú, as a dtiocfaidh coigilteas EUR 2,5 billiún breise.	Céimeanna 1 agus 2: Teacht i bhfeidhm na ngníomhartha reachtacha

	Príomhchuspóir	Tuairisc agus uainiú na bpríomhchéimeanna [1]	Táscairí faireacháin
Athchóirithe faoin Dlí nua maidir leis an timpeallacht ghnó a shimpliú (Beart nua)	Feabhas a chur ar dhálaí gnó, iomaíocht, infheistíocht agus nuálaíocht, go háirithe le haghaidh FBManna agus micrifhiontar trí rómhaorlathas a laghdú, rochtain ar sholáthar poiblí a shimpliú agus trí thacú le tionscadail nua thionsclaíocha agus aistrithe fuinnimh.	Céim 1: Faoi R4 2025: Teacht i bhfeidhm an dlí maidir leis an timpeallacht ghnó a shimpliú. Céim 2: Faoi R4 2025-2028, faoi seach, glacadh bliantúil foraitheanta cur chun feidhme. Céim 3: Faoi R4 2026, tuarascáil bhliantúil ar thionchar Céim 4: Faoi R4 2028, tuarascáil bhliantúil ar thionchar	Céim 1: Teacht i bhfeidhm an ghnímh reachtaigh. Céim 2: Foilsiú bliantúil foraitheanta cur chun feidhme. Céim 3: Foilsiú na tuarascála ina léirítear an tionchar i dtéarmaí feabhas a chur ar dhálaí gnó, iomaíocht, infheistíocht agus nuálaíocht. Céim 4: Foilsiú na tuarascála ina léirítear an tionchar i dtéarmaí feabhas a chur ar dhálaí gnó, iomaíocht, infheistíocht agus nuálaíocht.

ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/659/oj

	Príomhchuspóir	Tuairisc agus uainiú na bpríomhchéimeanna ([1])	Táscairí faireacháin
Athchóirithe agus infheistíochtaí faoin Dlí maidir le tionsclaíocht ghlas (Beart nua)	Dlús a chur le forbairt teicneolaíochtaí glasa agus dícharbónú an tionscail.	Faoi R3 2025, R3 2026, R3 2027, R3 2028 agus R3 2029, faoi seach: foilsiú tuarascála bliantúla ar ghlacadh gníomhartha dlíthiúla agus riaracháin maidir le láithreáin thionsclaíocha nua a chruthú, cinntí maoinithe tionscadal nua agus cinntí maoinithe tacaíochta poiblí airgeadais.	Foilsiú tuarascálacha bliantúla ina léirítear an tionchar i dtéarmaí láithreáin thionsclaíocha nua a chruthú, feabhas a chur ar mhaoiniú tionscadal nua agus ar mhaoiniú na tacaíochta poiblí airgeadais imscartha.
Caiteachas cánach agus caiteachas sóisialta a chuíchóiriú agus a laghdú (beart nua)	Caiteachas cánach agus caiteachas sóisialta a chuíchóiriú trí na cinn is lú éifeachtúlacht a laghdú agus a bhaint i gcaitheamh na tréimhse 2025-2027.	Faoi R23 2025, R3 2026. R3 2027, R3 2028, R3 2029, faoi seach: Foilsiú tuarascála bliantúla ar mhéaduithe ioncaim a eascraíonn as caiteachas cánach agus caiteachas sóisialta a laghdú agus a tharraingt siar go buan. Tá 3 eilimint sa tuarascáil seo le haghaidh gach bliain T: 1. Laghduithe féideartha ar chaiteachas cánach agus ar chaiteachas sóisialta a sainaithníodh le cur san áireamh in ullmhú an dréachtbhuiséid le haghaidh na bliana T+1. 2. Na bearta a rinneadh iarbhír sa bhuiséad le haghaidh na bliana T chun caiteachas cánach agus caiteachas sóisialta a eascraíonn as na hathbhreithnithe caiteachais a rinneadh sna blianta roimhe sin a laghdú. 3. Measúnú ar thoradh na laghduithe ar chaiteachas cánach agus ar chaiteachas sóisialta a glacadh i mbuiséad T-1. Ní fhéadfadh ach eilimintí 1 agus 2 a bheith sa chéad tuarascáil, a bheidh le cur ar fáil faoi R3-2025. Ba cheart eilimintí 1, 2 agus 3 a bheith sa dara tuarascáil agus sna tuarascálacha ina dhiaidh sin, a bheidh le cur ar fáil faoi R3 2026, mar aon leis an measúnú ar an gcoigilteas carnach a baineadh amach ó 2025.	Foilsiú na dTuarascálacha Faireacháin Bliantúla ina léirítear gur baineadh amach an sprioc charnach EUR 8 mbilliún de choigilteas buan (bunaithe ar choigilteas caiteachais phoiblí agus laghdú ar chaiteachas cánach agus ar chaiteachas sóisialta araon, agus sa bhreis ar an mbeart dar teideal ‘athchóiriú ar na laghduithe ginearálta ar ranníocaíochtaí sóisialta i gcoibhneas leis an bpá íosta (SMIC)’) i gcaitheamh na tréimhse 2025-2027.

([1]) Uainiú bhearta an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta, tá an t-uainiú sin táscach agus comhfhreagraíonn sé do ghealltanais sna Cinntí Cur Chun Feidhme ábhartha ón gComhairle.